An Roinn Oideachais
Department of Education

Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí 2024

Lámhleabhar Soláthraithe

An Rannóg Oideachais Múinteoirí
Eanáir 2024

Clár Ábhar

Gluais **4**

Réamhrá an Lámhleabhair do Sholáthraithe le haghaidh Cúrsaí Samhraidh 2024 **7**

Na saintréithe d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach éifeachtach agus an cuspóir léi **Error! Bookmark not defined.**

Díriú ar cháilíocht 8

Timthriall ceadaithe trí bliana 9

Catagóirí cúrsaí sa bhliain 2024 9

Ceanglais ar chúrsaí 10

Ceanglas le haghaidh cúrsaí samhraidh a chealú 13

Féinmheastóireacht Scoile 13

Formáidí cúrsa **16**

Cúrsa samhraidh a eagrú sa bhliain 2024 16

Cúrsa Aghaidh ar Aghaidh 16

Foghlaim Chumaisc 17

Cúrsaí Foghlama ar Líne 17

Tionscadal Píolótach Foghlama Sioncrónaí 18

Iarratas a dhéanamh ar chúrsa a reáchtáil 19

Prótacail le haghaidh foghlaim ar líne agus ról an ríomhtheagascóra 21

Ról an teagascóra i gcúrsaí aghaidh ar aghaidh 22

Dearbhú Cáilíochta 22

Ceanglais Mhionsonraithe Riaracháin ó Sholáthraithe 24

Critéir le haghaidh cúrsaí samhraidh a cheadú agus meastóireacht a dhéanamh orthu 29

Tuairisc ilchodach ar an soláthar cúrsaí samhraidh **Error! Bookmark not defined.**

Aguisín a hAon 37

FOIRM IARRATAIS DO CHÚRSAÍ SAMHRAIDH AGHAIDH AR AGHAIDH DO MHÚINTEOIRÍ 2024 37

Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí Bunscoile 2024: Breac-chuntas ar an Amchlár agus ar na Modúil do Chúrsaí Aghaidh ar Aghaidh 42

Aguisín a Dó 44

FOIRM IARRATAIS DO CHÚRSAÍ SAMHRAIDH CUMAISC DO MHÚINTEOIRÍ 2024 44

Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí Bunscoile 2024: Breac-chuntas ar an Amchlár agus ar na Modúil do Chúrsaí Cumaisc 49

Aguisín a Trí 51

FOIRM IARRATAIS DO CHÚRSAÍ SAMHRAIDH AR LÍNE DO MHÚINTEOIRÍ 2024 51

Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí Bunscoile 2024: Breac-chuntas ar an Amchlár agus ar na Modúil do Chúrsaí ar Líne 56

Aguisín a Ceathair 59

FOIRM IARRATAIS DO CHÚRSAÍ PÍOLÓTACHA SAMHRAIDH AR LÍNE DO MHÚINTEOIRÍ 2024 (Ina gcuirtear foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach san áireamh) 59

Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí Bunscoile 2024: Breac-chuntas ar an Amchlár agus ar na Modúil do Chúrsaí Píolótacha ar Líne (ina gcuirtear foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach san áireamh) 64

Gluais

Aidhmeanna	Na ráitis ina gcuirtear cuspóir an chúrsa in iúl, an spriocphobal beartaithe agus na rúin ghinearálta maidir leis an bhfoghlaim fhoriomlán do na rannpháirtithe
Tasc	Gníomhaíocht mhealltach ar líne nó tasc mealltach ar líne a bhfuil mar aidhm leis/léi gnóthachtáil an toraidh foghlama/na dtorthaí foghlama ag an rannpháirtí a léiriú
Foghlaim aisioncrónach	Úsáidtear foghlaim aisioncrónach i bhfoghlaim ar líne. Cabhraíonn sí leis na rannpháirtithe páirt a ghlacadh i bhfoghlaim neamhspleách. Áirítear léi gníomhaíochtaí amhail amharc ar léachtaí réamhthaifeadta, ábhair shannta a léamh, páirt a ghlacadh i mboird/bhfóraim phlé agus freagraí ar ábhair a uaslódáil le linn chlár an chúrsa.
Grúpa an chúrsa	Rannpháirtithe a eagrú isteach i ngrúpaí atá comhdhéanta de líon nach mó ná cúig rannpháirtí is fiche i gcúrsaí aghaidh ar aghaidh agus i ngrúpaí atá comhdhéanta de líon nach mó ná cúig rannpháirtí is seachtó i gcúrsaí ar líne
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	Is é is forbairt ghairmiúil leanúnach ann ná an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil nó ar fhorbairt ghairmiúil leantach/oideachas gairmiúil leantach do mhúinteoirí
Critéir	Na ráitis cháilíochtúla nó cainníochtúla trína ndéantar an cúrsa a cheadú agus a mheas
DEC	Ionad Oideachais Dhroim Conrach
DE	An Roinn Oideachais
Dearthóir/údar	An téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an duine a bhfuil saineolas cuí aige/aici agus a rinne an t-ábhar i gcúrsa ar líne a dhearadh agus a chur le chéile

Stiúrthóir	An duine a bhfuil freagracht ainmnithe air/uirthi as bainistíocht an chúrsa
DT	Teicneolaíochtaí Digiteacha
Lá EPV	Lá saoire pearsanta breise. Gnóthaíonn múinteoir teidlíocht i leith na laethanta sin ar bhonn fhad a rannpháirtíochta i gCúrsa(í) Samhraidh
ríomhtheagascóir	An téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an ról ceannaireachta i gcúrsa ar líne ina gcabhraíonn an teagascóir leis an bhfoghlaimeoir, agus a c(h)uid foghlama á treorú aige/aici, in ionad ábhar a leagan síos nó a sholáthar. Comhlíonann sé/sí feidhmeanna amhail ceisteanna na rannpháirtithe a fhreagairt, fóraim a bhainistiú, rannpháirtíocht a éascú agus tascanna a mheas
Aiseolas	Tuairimí sonracha, treoir shonrach agus faisnéis shonrach a sholáthraíonn an teagascóir mar fhreagairt do ghníomhaíocht foghlaimeora nó do thasc foghlaimeora
Torthaí foghlama	Ráitis ina mionsonraítear cé na nithe a bheidh ar eolas ag an rannpháirtí, cé na nithe a thuigfidh an rannpháirtí nó cé na nithe a bheidh an rannpháirtí in ann a thaispeáint ar mhodúl nó aonad cúrsa a chur i gcrích go rathúil. Ba cheart torthaí foghlama SIIRU a bheith sna torthaí foghlama. Is é atá iontu ná torthaí atá sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus uainithe.
Taifead foghlama	Taifead ar an bhfoghlaim do na rannpháirtithe i gcúrsa samhraidh, rud ina gcuimsítear torthaí éagsúla lena dtaispeántar gnóthachtáil thorthaí foghlama an chúrsa ag na rannpháirtithe. Féadfar Taifid Foghlama a chruthú i bhformáid cóipe crua nó i bhformáid leictreonach.
Litearthacht	Is tagairt í seo do Ghaeilge nó do Bhéarla, nó do Ghaeilge agus do Bhéarla
Modheolaíochtaí	Na prionsabail agus na straitéisí a úsáideann an teagascóir le haghaidh teagaisc chun an fhoghlaim atáthar ag iarraidh a sholáthar do na rannpháirtithe a bhaint amach. Áirítear leo sin léachtaí, ceardlanna, podchraoltaí agus teagaisc bheo, i measc nithe eile.

Soláthraí	Is tagairt í seo don institiúid, an t-ionad oideachais, an chuideachta nó comhlacht eile a thairgeann an cúrsa
Lámhleabhar dearbhú cáilíochta	An doiciméad foilsithe ina leagtar amach na próisis agus na nósanna imeachta a chuireann soláthraí ar líne i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar an soláthar cúrsaí samhraidh chun a chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin cháilíochta
Féinmheastóireacht Scoile	gov.ie - Féinmheastóireachta Scoile FMS Bunscoileanna 2016 – 2022 (www.gov.ie)
Cúrsa samhraidh	Is tagairt í seo do chúrsa atá ina chuid dhílis d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí bunscoile in Éirinn, ar cúrsa é a thionóltar le linn dátaí a gcomhaontaíonn an Roinn Oideachais iad
Foghlaim shioncrónach	Is é atá i gceist le foghlaim shioncrónach ná go n-oibríonn rannpháirtithe agus teagascóirí go comhoibríoch ag an aon am amháin chun go gcuirfear foghlaim ar siúl. Áirítear léi sin cruinnithe/láithreoireachtaí ar líne atá faoi stiúir ag teagascóir agus ina dtagann an grúpa iomlán nó grúpaí beaga le chéile i bhfíor-am. I bhfoghlaim shioncrónach, tacaíonn an teagascóir leis na rannpháirtithe obair le hábhair an chúrsa, spreagann sé/sí plé beo agus athmhachnamh agus bíonn deiseanna ag na rannpháirtithe páirt a ghlacadh in athmhachnamh pearsanta comhchoiteann agus i bhfoghlaim phearsanta chomhchoiteann. Is gnéithe d'imeacht foghlama sioncrónaí ar líne iad seomraí ar leithligh lena n-éascaítear caidreamh agus plé.
TES	Rannóg Oideachais Múinteoirí na Roinne Oideachais
Teagascóir	An téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an ról ceannaireachta i gcúrsa aghaidh ar aghaidh ina gcabhraíonn an teagascóir leis an bhfoghlaimeoir, agus a c(h)uid foghlama á treorú aige/aici. Cuireann sé/sí ábhar i láthair, éascaíonn sé/sí plé, cuireann sé/sí caidreamh chun cinn, eagraíonn sé/sí tascanna agus gníomhaíochtaí, agus soláthraíonn sé/sí aiseolas chun tacú leis an bhfoghlaim

Réamhrá an Lámhleabhair do Sholáthraithe le haghaidh Cúrsaí Samhraidh 2024

- Le clár na gcúrsaí samhraidh do mhúinteoirí bunscoile, rannchuidítear le contanam fhoghlaim ghairmiúil na múinteoirí, cuirtear an nuálaíocht agus an sármhaitheas chun cinn sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú, agus tacaítear leis na spriocanna atá leagtha amach sa doiciméad dar teideal Cumasú, an Ráiteas Straitéise ón Roinn don tréimhse 2020-2023, agus le tosaíochtaí náisiúnta eile atá ábhartha faoi láthair. Is ar roinnt bealaí a sholáthraítear na cúrsaí agus cuimsíonn siad cúrsaí aghaidh ar aghaidh, cúrsaí ar líne agus cúrsaí cumaisc.
- Go raibh maith agat as an méid suntasach a rannchuidigh tú leis an gclár tábhachtach seo a sholáthar agus as do chomhoibriú suntasach lena linn sin. I dteannta a chéile, leanfaimid lenár n-iarrachtaí feabhas a chur ar eispéiris foghlama na múinteoirí agus a chinntiú go mbeidh tionchar marthanach ag a gcuid foghlama ar thorthaí agus eispéiris foghlama na ndaltaí.
- Tá freagracht ar an Rannóg Oideachais Múinteoirí laistigh den Roinn Oideachais as an gclár cúrsaí samhraidh agus tá sainchúram foriomlán uirthi formhaoirseacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair forbartha gairmiúla leanúnaí chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile tosaíochtaí beartais náisiúnta a chur chun feidhme. Is é Ionad Oideachais Dhroim Conrach a riarann clár na gcúrsaí samhraidh.
- Is é seo an dara bliain den timthriall trí bliana. Tá tosaíochtaí nua náisiúnta ann do chúrsaí in 2024. Féach leathanach 9, le do thoil.
- Féadfaidh soláthraithe iarratas a chur isteach chun reáchtáil a dhéanamh ar chúrsaí aghaidh ar aghaidh, cúrsaí ar líne (aisioncronach); cúrsa píolótach (lena n-áirítear modúil shioncronacha (fíorama) agus aisioncronacha) chomh maith le cúrsaí foghlama cumaisc
- Féadfar cúrsaí a sholáthar ón 1 Iúil go dtí an 16 Lúnasa agus an dá dháta sin san áireamh. Tugtar tuilleadh sonraí faoi na cúrsaí píolótacha ar leathanach 18.
- Níl ach cúrsaí samhraidh atá ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ar an moladh ón gCigireacht, incháilithe do laethanta saoire pearsanta breise do mhúinteoirí bunscoile faoi théarmaí Riail 58 i Rialacha do Scoileanna Náisiúnta. Déanann an Chigireacht cigireacht gach bliain ar roinnt de na cúrsaí samhraidh, thar ceann na Rannóige Oideachais Múinteoirí.

An cuspóir agus na tréithe a bhaineann le foghlaim ghairmiúil múinteoirí (FGM) atá éifeachtach

Cuireann forbairt ghairmiúil leanúnach éifeachtach le saol gairmiúil múinteoirí agus imríonn sí tionchar díreach ar cháilíocht na foghlama do dhaltaí. Is é an príomhchuspóir atá le clár na gcúrsaí samhraidh ná na scileanna teagaisc, foghlama agus/nó bainistíochta atá ag múinteoirí a chur ar aghaidh ar mhaithe le torthaí foghlama níos fearr a sholáthar do dhaltaí. Chun go mbeidh sí éifeachtach, ní mór foghlaim ghairmiúil na múinteoirí a bheith bunaithe ar fhoghlaim ghníomhach, ar ábhar comhleanúnach agus ar dhíriú ar fhoghlaim na ndaltaí agus ar chaidreamh breisithe múinteoirí. I gcás cúrsaí samhraidh ar ardchaighdeán, is féidir leo a chumasú do mhúinteoirí tuiscint dhomhain a fhorbairt ar an rud a theagascann siad, ar an dóigh a dteagascann siad é agus ar an dóigh a bhfoghlaimíonn daltaí.

Ba cheart na cúrsaí arna n-eagrú faoin gclár a bheith ag teacht le prionsabail Cosán, Creatlach um Fhoghlaim Múinteoirí, chun a chinntiú go mbeidh foghlaim na múinteoirí ar ardchaighdeán agus go mbeidh sí in ann oiriúint agus freagairt do na riachtanais athraitheacha a bhíonn ag leanaí. https://www.teachingcouncil.ie/en/publications/teacher-education/cosan-framework-for-teachers-learning.pdf
Ba cheart na cúrsaí a bheith deartha chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Múinteoirí a aithint mar ghairmithe uathrialaitheacha freagracha foghlama
- An gá le dearadh solúbtha is féidir a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla foghlama a admháil
- Cabhrú le múinteoirí sainaithint a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh foghlaim ar ardchaighdeán agus lena gcumasófar cineálacha nuálacha cur chuige i leith dearbhú cáilíochta
- A aithint cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh rochtain ag múinteoirí ar dheiseanna saibhre ilchineálacha foghlama
- Deis a thabhairt do mhúinteoirí agus do gheallsealbhóirí foghlaim múinteoirí a admháil agus a aithint
- Cabhrú le múinteoirí meas a bheith acu ar a gcuid foghlama agus tús áite a thabhairt d'fhoghlaim a théann chun tairbhe dóibhsean agus dá bhfoghlaimeoirí.

Díriú ar cháilíocht

Leagtar amach ionchais shoiléire sa Lámhleabhar seo chun cáilíocht a chur chun cinn agus a dhearbhú maidir le heagrú agus soláthar na gcúrsaí samhraidh. Comhlíonann an Chigireacht ról dearbhú cáilíochta maidir le clár na gcúrsaí samhraidh do mhúinteoirí a cheadú agus maidir le meastóireacht a dhéanamh air. Is féidir tuilleadh mionsonraí faoin meastóireacht ar chúrsaí samhraidh a léamh ar leathanach 22.

Timthriall ceadaithe trí bliana

Cuireadh tús le timthriall ceadaithe trí bliana in 2023 do na cúrsaí samhraidh sin a bhfuil teidlíocht i leith laethanta saoire pearsanta breise (EPV) do mhúinteoirí bunscoile ag gabháil leo. Is í seo an dara bliain den timthriall. Féadfaidh cúrsaí arna gceadú sa bhliain 2023 bheith ceadaithe ar feadh trí bliana san iomlán (2023-2025).

Ní mór cúrsaí, a ndearna an Chigireacht measúnú orthu agus a raibh coinníollacha ag gabháil leo agus mar thoradh air sin, gur tarraingíodh siar an ceadú a bhí acu, a chur isteach arís in 2024 chun iad a cheadú. I gcás cúrsaí inar aithníodh fadhbanna maidir le bradaíl agus/nó cóipcheart, ní mór dóibh sin freisin dul tríd an bpróiseas ceadaithe arís in 2024.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil tosaíochtaí náisiúnta nua i bhfeidhm maidir le 2024 agus moltar do sholáthraithe staidéar a dhéanamh ar na tosaíochtaí sin sula gcríochnaíonn siad an próiseas iarratais.

Leagtar amach sa Leabhrán do Sholáthraithe na ceanglais riaracháin agus na critéir le haghaidh cúrsaí samhraidh do mhúinteoirí a cheadú agus a sholáthar, ar cúrsaí iad lena ngabhann teidlíocht i leith laethanta saoire pearsanta breise do mhúinteoirí bunscoile. Is é príomhaidhm an leabhráin ná cáilíocht a chur chun cinn agus a dhearbhú i ngach gné den chlár.

Catagóirí cúrsaí don bhliain 2024

Tugtar cuireadh do sholáthraithe cúrsaí don bhliain 2024 anois iarratais a chur isteach le haghaidh na gcatagóirí seo a leanas

1. Béarla/Gaeilge a Theagasc ar bhonn an Primary Language Curriculum/Churaclam Teanga na Bunscoile 2019. (2019)
2. Ábhair STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) a theagasc. Ba cheart cúrsaí in ábhair STEM a bheith ag teacht leis an leagan athraithe chun dáta de Churaclam Matamaitice na Bunscoile (2023)
3. Béarla mar Theanga Bhreise
4. Uasoiliúint i dteangacha (lena n-áirítear Fraincis / Gearmáinis / Spáinnis) mar ullmhúchán do thabhairt isteach na Nuatheangacha Iasachta (MFL) mar chuid de Chreatchuraclam na Bunscoile do chéimeanna 3 agus 4 na bunscoile (CNCM, 2023, Ciorclán 0017/2023)

5. An Seomra Ranga Cuimsitheach
6. Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
7. Teagasc agus foghlaim sna réimsí eile curaclaim (lena n-áirítear cruthaitheacht agus nuálaíocht sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht)
8. Ceannaireacht agus bainistíocht sa bhunscoil
9. Folláine, ina ndírítear ar fheidhmiú Cineáltas: Plean Gníomhaíochta na Roinne Oideachais (2022) ar an mBulaíocht, Cur Chuige Oideachais Uile na hÉireann chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileannaRiachtanais Speisialta Oideachais
10. Oideachais Riachtanais Speisialta

Fíor 1 Na tosaíochtaí náisiúnta le haghaidh na gcatagóirí éagsúla cúrsaí lena gcur ar áireamh i gclár na gcúrsaí samhraidh don bhliain 2024

Ceanglais ar chúrsaí

Chun go gceadófar cúrsaí lena ngabhann teidlíocht i leith laethanta saoire pearsanta breise:

- Ba cheart torthaí agus eispéiris foghlama na múinteoirí i gcúrsaí teanga i mBéarla agus i nGaeilge a bheith bunaithe ar aidhmeanna agus prionsabail oideolaíocha an Primary Language Curriculum/Churaclam Teanga na Bunscoile 2019.
- Nuair is infheidhme, ba cheart naisc fhiúntacha a dhéanamh in ábhar an chúrsa leis an ábhar agus na modheolaíochtaí atá leagtha amach i gCuraclam na Bunscoile (1999, 2019, 2023), agus ba cheart athmhachnamh, cruthaitheacht, nuálaíocht agus sármhaitheas sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht a chur chun cinn leis. Ba cheart cúrsaí i matamaitic, in ábhair STEM agus i gcruthaitheacht a bheith ag teacht le prionsabail Churaclam Matamaitice na Bunscoile (2023)
- Ba cheart straitéisí chun Féinmheastóireacht Scoile a chur chun cinn a bheith mar bhonn agus thaca ag dearadh agus ábhar gach cúrsa. Ba cheart dearadh an chúrsa agus na torthaí foghlama do mhúinteoirí a bheith bunaithe ar an doiciméad dar teideal Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta (An Roinn Oideachais, 2022). Féach an rannán thíos chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi na ceanglais féinmheastóireachta scoile
- Ba cheart dearadh an chúrsa, an t-ábhar agus na torthaí foghlama do mhúinteoirí a bheith bunaithe ar na beartais agus na straitéisí reatha de chuid na Roinne Oideachais agus ar Churaclam na Bunscoile (1998, 2019 agus 2023) agus ba cheart iad a bheith dírithe ar nuálaíocht agus sármhaitheas a fheabhsú agus a chur chun cinn sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht.
- Ba cheart gurb é bunsaothar agus bundearadh an tsoláthraí a bheadh i ndearadh

agus in ábhar an chúrsa. Ba cheart do sholáthraithe a chinntiú nach ndéanann a gcuid cúrsaí agus na hacmhainní a úsáidtear, bradaíl ná sárú ar chóipcheart duine/eagraíochta ná ar chearta maoine intleachtúla ar bith eile, lena n-áirítear bradaíl ach nach bhfuil teoranta dó sin. I gcás soláthraithe a áiríonn saothar, íomhánna, smaointe, tuairimí, acmhainní leictreonacha, dáileáin, léirithe powerpoint, taifeadtaí, ceol, míreanna físe nó bogearraí páirtithe eile, gan an fhoinse a admháil i gceart agus gan cead i scríbhinn a bheith faighte ón bhfoinse, déanfar an t-aitheantas dá gcuid cúrsaí a tharraingt siar don timthriall reatha de chlár na gcúrsaí samhraidh.

- Ní mór go mbeadh córais i bhfeidhm ag soláthraí an chúrsa chun rochtain riaracháin neamheagarthóireachta ar an gcúrsa a sholáthar do chigirí. Nuair a iarrtar sin, ní mór rochtain ar fhaisnéis atá cothrom le dáta maidir le gach gné de chúrsaí ar líne a sholáthar, amhail an líon a chláraigh agus a chríochnaigh, líon na rannpháirtithe a sannadh do theagascóir tiomnaithe, na huaireanta a logáladh, tascanna, cumarsáid ábhartha, aiseolas ó rannpháirtithe etc. I gcás nach bhfuil córais den chineál sin i bhfeidhm, déanfaidh TES an ceadú don chúrsa a tharraingt siar.
- **Taifid foghlama:** Ba cheart do na rannpháirtithe uile bheith in ann a dtaifead foghlama a thabhairt amach leo. I gcúrsaí ar líne agus i gcúrsaí cumaisc, ba cheart na taifid foghlama a bheith i bhformáid leictreonach agus ní mór, ar a laghad, na **sé thasc a cuireadh i gcrích** agus na postálacha uile a rinne an rannpháirtí chuig na fóraim a bheith ar áireamh iontu. Féadfaidh tascanna, samplaí oibre, píosaí oibre a sannadh, grianghraif, athmhachnaimh agus torthaí eile lena dtaispeántar a gcuid foghlama le linn an chúrsa a bheith ar áireamh sa taifead foghlama. I gcúrsaí aghaidh ar aghaidh, féadfaidh na taifid foghlama a bheith i gcóip chrua nó féadfaidh soláthraithe a roghnú go soláthróidh siad ardán le haghaidh taifid leictreonacha foghlama.
- Ní mór loga foghlama gairmiúla leanúnaí a bheith ar áireamh i dtaifid foghlama freisin. I gcás cúrsaí ar líne, ba cheart go ndeimhneodh an log gur chríochnaigh an rannpháirtí:
    - deich n-uaire an chloig ar a laghad d'fhoghlaim ar líne agus
    - deich n-uaire an chloig (foghlaim fhéinfhíoraithe) atá incheadaithe le haghaidh gníomhaíochtaí eile foghlama.

  Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gurb amhlaidh, i gcás an Chláir Cúrsaí Samhraidh 2024, go bhféadfaidh soláthraithe tosú ar fhormáid na gcúrsaí ar líne a athchothromú, mar shampla trí 13 huaire an chloig d'fhoghlaim aisioncrónach a sholáthar ar líne agus trí sheacht n-uaire an chloig d'fhoghlaim fhéinfhíoraithe a sholáthar as líne.
- Ní mór do sholáthraithe a chinntiú gurb amhlaidh, maidir leis an ábhar léitheoireachta agus an taighde ar fad a sholáthraítear do na rannpháirtithe, a bheidh sé ar an

gcaighdeán is airde is féidir, cothrom le dáta agus ar aon dul leis an dea-chleachtas agus le beartais agus straitéisí na Roinne Oideachais. Ba cheart ábhair léitheoireachta agus taighde atá bunaithe ar an gcomhthéacs Éireannach a roghnú a oiread agus is féidir.

- Féadfar cúrsaí a thairiscint ón 1 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2024, agus an dá dháta sin san áireamh.
- I gcás soláthraithe ar líne a sholáthraíonn roinnt cúrsaí samhraidh, éileofar faisnéis faoin líon rannpháirtithe a chuireann trí chúrsa, dhá chúrsa agus cúrsa amháin i gcrích a sholáthar mar chuid de na tuairisceáin staitistiúla.
- Tabhair faoi deara **nach nglactar le** ceisteanna ilroghnacha **a thuilleadh** mar thascanna cuí foghlama chun foghlaim na rannpháirtithe ar an gcúrsa a mheasúnú

Coimeádann an Rannóg Oideachais Múinteoirí an ceart aige féin ceadú cúrsa a tharraingt siar i gcás nach léiríonn ábhar sonrach an chúrsa, nó ábhair agus acmhainní an chúrsa an beartas náisiúnta; i gcás go ndéanann ábhar cúrsa bradaíl ar shaothar duine aonair/eagraíochta nó i gcás nach soláthraítear rochtain iomlán riaracháin don chigire chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcúrsa iomlán ar líne

Cuimhnigh:
Ní mór iarratais ar chúrsaí samhraidh a chur isteach i bhformáid .pdf, ag cloí leis an ngnás ainmnithe teidealanchúrsasamhraidh.pdf

(i.e. Corpoideachassarangbunscoile.pdf).

Ceanglaítear ar sholáthraithe na foirmeacha iarratais a sholáthraítear sa lámhleabhar seo a úsáid.

- I gcás na gcúrsaí uile arna gceadú don bhliain 2024, eiseoidh soláthraí an chúrsa deimhniú atá sonrach d'fhoghlaim aghaidh ar aghaidh, d'fhoghlaim ar líne nó d'fhoghlaim chumaisc chuig na rannpháirtithe. Cuimseofar i ndeimhnithe taifead ar an dáta ar ar thosaigh an rannpháirtí an cúrsa agus ar an dáta ar ar chuir an rannpháirtí an cúrsa i gcrích.

- I gcás gur chláraigh rannpháirtí le haghaidh níos mó ná cúrsa amháin, ní fhéadfar cúrsaí a chur i gcrích ach amháin **go comhleanúnach** agus ní fhéadfar iad a chur i gcrích **i gcomhthráth**. Fágann sé sin nach bhféadfaidh múinteoirí ach cúrsa amháin a ghabháil de láimh ag an aon am amháin. Ní mór taifead ar fhreastal rannpháirtithe, e.g., logaí den rannpháirtíocht sna seisiúin foghlama sioncrónaí, a bheith ar fáil lena iniúchadh.

- Ní mór do gach soláthraí ar líne lámhleabhar dearbhú cáilíochta nuashonraithe a chur isteach sa bhliain 2024. Áireofar leis an lámhleabhar nuashonraithe na gealltanais ón soláthraí dá chinntiú nach sárófar cóipcheart ábhar agus an gealltanas uaidh go seachnófar bradaíl. Ba cheart fianaise a sholáthar freisin ar an gcead chun ábhair tríú páirtí a úsáid.

Ceanglas le haghaidh cúrsaí samhraidh a chealú

Tá sé de fhreagracht ar an soláthraí a chinntiú go mbeidh líon leordhóthanach múinteoirí cláraithe ar an rolla chun go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh le cúrsa. Chun reáchtáil réidh chlár na gcúrsaí samhraidh a chinntiú, **ní mór do gach soláthraí a dheimhniú d'Ionad Oideachais Dhroim Conrach** faoi 4pm an 21 Meitheamh 2024 go bhfuil líon **leordhóthanach** múinteoirí cláraithe acu agus go mbeifear ag leanúint ar aghaidh lena gcúrsaí fógartha. Cinnteoidh sé sin go mbeidh go leor ama ag na múinteoirí lena mbaineann chun iarratas a dhéanamh ar chúrsa malartach.

Féinmheastóireacht Scoile

Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta (gov.ie - Looking at our School 2022 (www.gov.ie)**)**

Le linn dóibh dearadh agus cur chun feidhme cúrsaí samhraidh a bhreithniú, ceanglaítear ar sholáthraithe a chinntiú go mbeidh gach cúrsa ag teacht le prionsabail an chreata beartais ón Roinn Oideachais, mar atá **Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta.**

Leis an gcreat seo, tugtar tuiscint chomhroinnte ar cén chuma atá ar chleachtais éifeachtacha agus rí-éifeachtacha foghlama, teagaisc, cheannaireachta agus bhainistíochta i gcóras scoileanna na hÉireann. Tagann sé sna sála ar an doiciméad a foilsíodh sa bhliain 2016 faoin ainm céanna agus soláthraítear ann tacar aontaithe comhleanúnach caighdeán do dhá ghné den obair a dhéanann scoileanna i ndáil le **teagasc agus foghlaim** agus le **ceannaireacht agus bainistíocht**.

Sa chreat sin, meastar sármhaitheas sa teagasc a bheith ar an tionchar is cumhachtaí ar ghnóthachtáil daltaí. Aithnítear ann an méid is féidir le múinteoirí cinntí gairmiúla atá eolach agus athmhachnamhach a dhéanamh faoi fhoghlaim agus teagasc ar aon dul leis an gcuraclam agus le riachtanais na leanaí. Úsáidtear an creat chun eolas a dhéanamh do dhearadh na foghlama gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile freisin (Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2022, lch 6). Aithnítear agus sainaithnítear ann cé chomh tábhachtach is a bhíonn forbairt ghairmiúil ar feadh na gairme do mhúinteoirí, agus is codanna dílse de iad athmhachnamh agus comhoibriú.

Sa rannán ar **Cheannaireacht agus Bainistíocht**, aithnítear agus cuirtear chun cinn sa réimse um Cheannaireacht ar Fhoghlaim agus ar Theagasc forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun tacú le teagasc ar ardchaighdeán agus chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú. Aithnítear sa chreat go bhfuil comhoibriú múinteoirí ina chuid bhunriachtanach de scoileanna a fhorbairt mar eagraíochtaí foghlama (Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2022, lch 22). Is é an toradh a bheidh ar an gcomhoibriú sin agus an acmhainneacht a bhaineann le foghlaim níos gníomhaí a chur ar áireamh i ndearadh cúrsaí ná go gcuirfear prionsabail an chreata agus prionsabail chreat Cosán chun cinn agus go gcabhrófar le múinteoirí foghlaim ina n-aonar agus go comhchoiteann agus cur leis an acmhainn ghairmiúil atá acu chun tacú le feabhsú leanúnach scoile. Dá bhrí sin, is bunriachtanas de gach cineál forbartha gairmiúla leanúnaí é am a chur i leataobh le haghaidh athmhachnamh treoraithe, plé comhoibríoch agus comhroinnt smaointe agus cineálacha cur chuige.

Is é atá i gceist le Féinmheastóireacht Scoile ná scoileanna a chumhachtú chun breathnú ar an dóigh a dteagascann siad agus ar an dóigh a bhfoghlaimíonn daltaí. Cabhraíonn sí le scoileanna **athruithe atá beag agus fiúntach** a dhéanamh chun feabhas a chur ar na torthaí d'fhoghlaimeoirí. Tugtar deis le Féinmheastóireacht Scoile athmhachnamh, breithniú agus athmhachnamh a dhéanamh ar na nithe ar éirigh leo agus ar na nithe nár éirigh leo agus ar na daoine a bhain tairbhe astu agus na daoine nár bhain tairbhe astu. Trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas Féinmheastóireachta Scoile, tugtar an deis athmhachnamh criticiúil a dhéanamh ar an soláthar reatha agus éachtaí a cheiliúradh. Is cabhair í maidir le sainaithint a dhéanamh ar réimsí a d'fhéadfaí a **fheabhsú** chun dul chun tairbhe d'eispéiris agus torthaí foghlama na ndaltaí. Tugtar deis léi freagairt go solúbtha do dhúshláin de réir mar a thagann siad chun cinn – rud atá an-ábhartha faoi láthair.

Suíomh Gréasáin na Féinmheastóireachta Scoile do Bhunscoileanna gov.ie - Féinmheastóireachta Scoile FMS Bunscoileanna 2016 – 2022 (www.gov.ie)

Le linn dóibh cúrsaí a cheapadh, ba cheart do sholáthraithe a chinntiú go dtabharfar deiseanna do na rannpháirtithe páirt fhiúntach a ghlacadh sa phróiseas Féinmheastóireachta Scoile trí ábhar an chúrsa, trí ghníomhaíochtaí an chúrsa agus trí thascanna foghlama. Ar aon dul le prionsabail ‘Ag Breathnú ar an Scoil Againne’ agus le prionsabail Chreat Cosán, ba cheart deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí páirt a ghlacadh in athmhachnamh, i bplé comhoibríoch, in athbhreithniú ar acmhainní agus i dtaighde maidir le gach formáid cúrsa.

Formáidí cúrsa

Cúrsa samhraidh a eagrú sa bhliain 2024

Féadfar clár na gcúrsaí samhraidh 2024 a thosú Dé Luain an 1 Iúil 2024, agus cuirfear gach cúrsa i gcrích faoi 5pm Dé hAoine an 16 Lúnasa 2024

Is tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas a dhéanfar an teagmháil ar fad le hIonad Oideachais Dhroim Conrach maidir le clár na gcúrsaí samhraidh:
summercourses@ecdrumcondra.ie

Féadfaidh soláthraithe iarratas a dhéanamh ar chúrsaí a reáchtáil sna formáidí cúrsa seo a leanas:

Cúrsa aghaidh ar aghaidh

- Beidh na cúrsaí ar siúl ar feadh cúig lá i ndiaidh a chéile (gan laethanta ag an deireadh seachtaine a áireamh)
- Ní mór deichniúr múinteoirí cláraithe ar a laghad a bheith ar an rolla chun go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh le cúrsa
- Cuirfear cúig rannpháirtí is fiche ar a mhéad le teagascóir amháin i ngrúpa
- Féadfaidh soláthraithe cúrsa iarratas a dhéanamh ar leaganacha comhleanúnacha den chúrsa a reáchtáil
- Ceithre huaire an chloig ar a laghad in aghaidh an lae a bheidh in am teagmhála an chúrsa
- Soláthrófar sos tríocha nóiméad amháin gach lá (atá de bhreis ar cheithre huaire an chloig d'am teagmhála)
- Tiomsóidh na rannpháirtithe taifead foghlama lena dtaispeánfar conas a ghnóthaigh siad aidhmeanna an chúrsa agus na torthaí foghlama
- **Ní mór do sholáthraithe a chinntiú, i gcás breoiteachta nó aon teagmhais eile, go mbeidh teagascóirí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu ar fáil chun cúrsaí a stiúradh**

Foghlaim chumaisc

- Beidh cúrsa foghlama cumaisc 20 uair an chloig comhdhéanta d'fhoghlaim ar an láithreán thar dhá lá (ocht n-uaire an chloig), agus éascófar an chuid eile den fhoghlaim (12 uair an chloig) i modúil ar líne a mhairfidh ceithre huaire an chloig.
- Ní mór deichniúr múinteoirí cláraithe ar a laghad a bheith ar an rolla chun go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh le cúrsa agus cuirfear cúig rannpháirtí is fiche ar a mhéad le teagascóir amháin i ngrúpa le haghaidh na seisiún ar an láithreán/na seisiún beo ar líne
- Soláthrófar sos tríocha nóiméad amháin le linn gach ceann de na laethanta ar an láithreán
- Cuirfear an chomhpháirt ar líne ar fáil ón 1 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2024
- **Ní mór do sholáthraithe a chinntiú, i gcás breoiteachta nó aon teagmhais eile, go mbeidh teagascóirí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu ar fáil chun cúrsaí a stiúradh**

Cúrsaí foghlama ar líne

- Beidh na cúrsaí 20 uair an chloig ar fad agus eagrófar iad isteach ina gcúig mhodúl a bheidh comhdhéanta de 10 n-uaire an chloig d'fhoghlaim aisioncrónach agus de 10 n-uaire eile an chloig a bheidh amchláraithe do thaighde as líne ag an rannpháirtí.
- Beidh cúrsaí ar fáil ón 1 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2024
- Ní mór deichniúr múinteoirí cláraithe ar a laghad a bheith ar an rolla chun go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh le cúrsa. Ní fhéadfar líon is mó ná 75 rannpháirtí a chur isteach i ngrúpa cúrsa atá sannta do theagascóir sonrach/tiomnaithe. Beidh feidhm aige sin fiú i gcás go mbeidh na múinteoirí cláraithe ach nach mbeidh an cúrsa tosaithe acu nó i gcás nach mbeidh siad gníomhach
- Le linn foghlaim aisioncrónach, beidh deiseanna ag rannpháirtithe a n-athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, ar an gcleachtas agus ar úsáid phrionsabail an chúrsa ina gcomhthéacs/suíomh féin.
- Maidir leis na gnéithe aisioncrónacha de na cúrsaí, lena n-áirítear an modh soláthair agus eispéireas na rannpháirtithe, ba cheart eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar leo atá dírithe ar chineálacha cur chuige teagaisc a fheabhsú agus ar thorthaí d'fhoghlaimeoirí a bhreisiú ag leibhéil dhifriúla ranga na bunscoile.

- Féadfaidh soláthraithe cúrsa iarratas a dhéanamh ar leaganacha comhleanúnacha den chúrsa a reáchtáil,
  agus ríomhtheagascóir tiomnaithe ann le haghaidh gach leagain
- Ní mór don soláthraí cúrsaí ar líne amchlár a sholáthar do rannpháirtithe agus ní mór an t-amchlár sin a chur isteach i dteannta iarratas an chúrsa.
- **Ní mór do sholáthraithe a chinntiú, i gcás breoiteachta nó aon teagmhais eile, go mbeidh ríomhtheagascóirí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu ar fáil chun cúrsaí a stiúradh.**

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, i gcás na gCúrsaí Samhraidh sa bhliain 2024, go bhféadfaidh soláthraithe a roghnú freisin:

- tosú ar chomhdhéanamh na gcúrsaí a athchothromú, mar shampla chun 13 huaire an chloig a sholáthar ar líne agus chun seacht n-uaire an chloig a sholáthar as líne;
- cúrsaí níos giorra a sholáthar ar líne, mar shampla cúrsaí ceithre seachtaine;
- cóimheas níos ísle idir rannpháirtithe agus teagascóir a chur chun feidhme, mar shampla caoga rannpháirtí in aghaidh an teagascóra.

Tionscadal Píolótach Foghlama Sioncrónaí

Tairgeann roinnt soláthraithe soláthar foghlama sioncrónaí mar chuid dá gclár cúrsaí samhraidh cheana féin. Áirítear leis sin an cúrsa an-rathúil Béarla mar Theanga Bhreise ar chomhordaigh Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann é i samhradh na bliana 2022 agus arís i 2023.

Fáiltíonn an Roinn roimh na soláthraithe a chuir spéis in iúl i gcúrsaí píolótacha samhraidh a bhfuil comhpháirt foghlama sioncrónaí acu a reáchtáil sa bhliain 2024.

I gcomhar leis an gCigireacht, déanfaidh an Rannóg Oideachais Múinteoirí cinntí ón tionscadal píolótach foghlama sioncrónaí sin a bhailiú agus a athbhreithniú. Úsáidfear na cinntí sin mar bhonn eolais faoi fhorbairtí amach anseo sa réimse seo.

Tugtar san fhíor thíos forbhreathnú achoimre ar fhormáid na gcúrsaí:

Miondealú ar uaireanta an chloig de réir an chineáil cúrsa					
Cineál cúrsa	Uaireanta an chloig le haghaidh Foghlaim Aghaidh ar Aghaidh	Uaireanta an chloig le haghaidh Foghlaim Shioncrónach	Uaireanta an chloig le haghaidh Foghlaim Aisioncrónach	As líne	Iomlán
Cúrsa Aghaidh ar Aghaidh	20				20
Cúrsa Cumaisc	8	12			20
Canbhasáil ar Líne	0		10	10	20
Tionscadal Píolótach ar líne ina bhfuil soláthar Foghlama Sioncrónaí	0	Roghnaíonn an soláthraí an céatadán d'fhoghlaim shioncrónach don tionscadal píolótach	Roghnaíonn an soláthraí an céatadán d'fhoghlaim aisioncrónach don tionscadal píolótach	5	20

Fíor 2 Achoimre ar na formáidí cúrsa i ndáil le huaireanta an chloig le haghaidh foghlaim aghaidh ar aghaidh, foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach

Iarratas a dhéanamh ar chúrsa a reáchtáil

Ní mór cóip leictreonach den fhoirm iarratais ar líne, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Ionad Oideachais Dhroim Conrach, a bheith faighte ag Ionad Oideachais Dhroim Conrach **faoi 4pm Dé hAoine an 1 Márta 2024**
Ba cheart cóipeanna leictreonacha a sheoladh le ríomhphost chuig **summercourses@ecdrumcondra.ie**

I gcás go molfar i dtuairisc mheastóireachta a thabharfaidh an Chigireacht (ar chúrsa a tairgeadh sa bhliain 2023), áfach, go dtarraingeofaí ceadú le haghaidh cúrsa samhraidh siar, ní mór foirm iarratais nua a chur isteach sa bhliain 2024 agus ní mór a leagan amach inti conas a thabharfaidh an soláthraí aghaidh ar na coinníollacha atá leagtha amach sa tuarascáil.

I gcás go sainaithneoidh an Chigireacht sáruithe ar chóipcheart agus/nó bradaíl nó sealbhú aon saothair nach leis é i gcúrsa nó go sainaithneofar sáruithe ar chóipcheart agus/nó bradaíl nó sealbhú aon saothair nach leis é tríd an Rannóg Oideachais Múinteoirí nó trí fhoinsí eile, beidh ar an soláthraí foirm iarratais nua a chur isteach lena ceadú agus ní mór dó a leagan amach conas a chinnteoidh sé nach dtarlóidh sáruithe cosúla ar chóipcheart, agus/ná bradaíl chosúil ná sealbhú cosúil aon saothair nach leis é. Má tá sé beartaithe ag an soláthraí aon ábhair ó fhoinsí eile a úsáid nó má tá sé beartaithe aige aon saothar nó ábhar den sórt sin a chur ar áireamh go hiomlán nó go páirteach ina chúrsaí, ba cheart cóip den chead ón bhfoinse a chur isteach i dteannta an iarratais athbhreithnithe.

Ceanglaítear ar gach soláthraí cúrsaí ar líne a lámhleabhar dearbhú cáilíochta a chur isteach lena athbhreithniú sa bhliain 2024.
Ní mór béim a leagan sa lámhleabhar ar na bearta atá á ndéanamh ag an soláthraí chun a chinntiú gur ábhar bunaidh de chuid an tsoláthraí é ábhar uile an chúrsa agus ní mór breac-chuntas a thabhairt ann ar conas nach bhfuil na cúrsaí ceaptha ag sárú cóipchirt. Ní mór don soláthraí gealltanas a thabhairt gur ábhar bunaidh de chuid an tsoláthraí iad a chúrsaí agus na hacmhainní a úsáidtear agus nach n-áirítear leo saothar aon daoine eile nó aon eagraíochtaí eile gan cead i scríbhinn a fháil ón bhfoinse bhunaidh.
Ní mór dearbhuithe a thabhairt sa lámhleabhar freisin go dtabharfaidh an soláthraí rochtain riaracháin iomlán don Chigireacht ar gach gné den chúrsa.
Mura dtugtar na dearbhuithe sin, ní cheadófar cúrsaí don bhliain 2024.

Prótacail le haghaidh foghlaim ar líne agus ról an ríomhtheagascóra

- Tá freagracht ar an soláthraí agus an ríomhtheagascóir as bainistíocht na dtimpeallachtaí foghlama ar líne/na n-ardán foghlama ar líne a úsáideann siad leis na rannpháirtithe sa chúrsa. Tá sé bunriachtanach go soláthrófaí tacaíocht theicniúil ar ardchaighdeán/bonneagar teicniúil ar ardchaighdeán chun foghlaim shioncrónach (fíor-ama) na rannpháirtithe a éascú.
- **Ní mór do sholáthraithe a chinntiú, i gcás breoiteachta nó aon teagmhais eile, go mbeidh teagascóirí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu ar fáil chun cúrsaí a stiúradh**
- Beidh an ríomhtheagascóir ina m(h)úinteoir cláraithe, seachas i gcás go mbeidh ag ríomhtheagascóir saineolas aitheanta ar leith ar dhisciplín eile atá ábhartha d'ábhar an chúrsa. Déanfaidh an ríomhtheagascóir an fhoghlaim a stiúradh agus a éascú i seisiúin foghlama sioncrónaí agus i seisiúin foghlama aisioncrónaí.
- Chun an timpeallacht foghlama is fearr is féidir a sholáthar, soláthraítear na treoirlínte seo a leanas do sholáthraithe agus do ríomhtheagascóirí:
- I gcás cúrsaí ar líne, is é seo a leanas ról an ríomhtheagascóra:
    - An fhoghlaim a stiúradh agus na rannpháirtithe a threorú chun torthaí foghlama an chúrsa a bhaint amach trí rannpháirtíocht na rannpháirtithe a spreagadh
    - Plé a spreagadh agus a threorú i bhfóraim ar líne agus faireachán a dhéanamh ar an bplé sin ar bhealach tráthúil
    - Ról a imirt maidir le rannpháirtíocht bhailí na ndaoine atá rollaithe ar an gcúrsa a chinntiú
- Ní mór don ríomhtheagascóir agus don soláthraí taifead a choinneáil ar fhreastal rannpháirtithe ar na seisiúin foghlama sioncrónaí
- Ba cheart don ríomhtheagascóir tacaíocht a thabhairt do na rannpháirtithe trí cheisteanna a fhreagairt ach feidhmeanna comhrá a úsáid, trí naisc chuig acmhainní a phostáil nó trí thascanna a shannadh agus treoracha a shoiléiriú le linn na seisiún foghlama sioncrónaí agus na seisiún foghlama aisioncrónaí. Déanfaidh sé/sí faireachán ar fhoghlaim na rannpháirtithe agus ar chur i gcrích tascanna acu trí aiseolas tráthúil a chur ar fáil do na rannpháirtithe ar na tascanna atá curtha i gcrích acu, lena n-áirítear aiseolas chun rannpháirtithe a threorú maidir le tascanna a chur isteach an athuair i gcás nár taispeánadh go sásúil leo go bhfuil na torthaí foghlama bainte amach acu
- Deiseanna a thabhairt do na rannpháirtithe a dtuairimí faoi ábhar an chúrsa a chur i láthair agus a chomhroinnt, a bhfreagairtí do léamha agus tascanna a chomhroinnt, agus samplaí praiticiúla de na cineálacha cur chuige atá in úsáid ina scoil/seomra ranga a chomhroinnt leis an ngrúpa.

- Tabharfaidh na ríomhtheagascóirí deiseanna do na rannpháirtithe athmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin agus ullmhú d'ábhar an chúrsa a chur chun feidhme ina seomra ranga féin
- Mura bhfuil na rannpháirtithe ag glacadh páirt ghníomhach i seisiúin foghlama aissioncrónaí, ba cheart don ríomhtheagascóir teagmháil a dhéanamh leis an duine aonair. I gcás nach nglacfaidh na rannpháirtithe páirt ghníomhach sna seisiúin foghlama aisioncrónaí, ní mór é sin a thaifeadadh ar an deimhniú freastail.

Ról an teagascóra i gcúrsaí aghaidh ar aghaidh

Beidh an teagascóir ina m(h)úinteoir cláraithe, seachas i gcás go mbeidh ag teagascóir saineolas aitheanta ar leith ar dhisciplín eile atá ábhartha d'ábhar an chúrsa.

I gcás cúrsaí aghaidh ar aghaidh, is é seo a leanas ról an teagascóra cúrsa/na dteagascóirí cúrsa:

- An fhoghlaim a stiúradh agus na rannpháirtithe a threorú chun aidhmeanna agus torthaí foghlama an chúrsa a bhaint amach
- Ábhar nua a chur i láthair na rannpháirtithe trí leas a bhaint as raon éagsúil modheolaíochtaí
- Deiseanna a thabhairt do na rannpháirtithe obair le chéile, cleachtas a chomhroinnt agus ábhar an chúrsa a iniúchadh
- Deiseanna a thabhairt do na rannpháirtithe athmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin agus ullmhú d'ábhar an chúrsa a chur chun feidhme ina seomra ranga féin
- Faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus tascanna na rannpháirtithe, agus iad ag obair ina ngrúpaí agus ina n-aonar
- Aiseolas tráthúil a sholáthar do na rannpháirtithe ar na gníomhaíochtaí agus na tascanna atá curtha i gcrích acu
- Ceanglais riaracháin na gcúrsaí a chur i gcrích, lena n-áirítear an rolla laethúil agus foirmeacha meastóireachta cúrsa, de réir na dtreoirlínte

Dearbhú Cáilíochta

Cáilíocht na gCúrsaí

Tá an Rannóg Oideachais Múinteoirí tiomanta dá chinntiú gurb é an toradh a bheidh ar chlár na gcúrsaí samhraidh do mhúinteoirí ná go dtabharfar eispéiris shaibhre spreagúla foghlama do na rannpháirtithe lena ndéanfar a gcuid eolais agus scileanna a bhreisiú agus a fheabhsú agus lena gcuirfear nuálaíocht agus saineolas chun cinn sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht. Tá clár na gcúrsaí samhraidh do mhúinteoirí ina gcuid

de chontanam fhoghlaim ghairmiúil na múinteoirí, rud a chuirtear ar aghaidh le Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí.

Is iad na príomhnithe nach mór do na daoine sin a eagraíonn cúrsaí samhraidh a chur san áireamh ná a chinntiú go bhfuil na cúrsaí ar dhea-chaighdeán agus go ndírítear iontu ar thionchar díreach a imirt ar eispéiris agus torthaí foghlama na ndaltaí i scoileanna agus ar iad a bhreisiú (Ag Breathnú ar an Scoil Againne, an Roinn Oideachais, 2022).

Imríonn an teagascóir cúrsa ról ríthábhachtach in eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a chinntiú do na múinteoirí rannpháirteacha. Ní mór do na teagascóirí taithí fhairsing agus saineolas fairsing a bheith acu ar ábhar an chúrsa ar leith agus ba cheart dóibh dea-scileanna éascaithe a bheith acu. Ní mór don teagascóir obair faoi threoir ag aidhmeanna agus torthaí foghlama an chúrsa agus ní mór dó/di rannpháirtíocht na rannpháirtithe a uasmhéadú.

Lámhleabhar Dearbhú Cáilíochta le haghaidh Soláthar Cúrsaí ar Líne

Modh uathúil solúbtha foghlama do na rannpháirtithe i gcúrsaí is ea foghlaim ar líne. Is as cúrsaí samhraidh ar líne agus cúrsaí foghlama cumaisc samhraidh a thagann deiseanna foghlama gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí a d'fhéadfadh a bheith neamhábalta foghlaim den sórt sin a rochtain ar shlí eile agus cuireann siad ar chumas na rannpháirtithe foghlaim ar a luas féin. Mar sin féin, cruthaíonn an tsolúbthacht a ghabhann le cúrsaí samhraidh ar líne dúshlán do sholáthraithe agus iad ag iarraidh a chinntiú go nglacfaidh na rannpháirtithe uile **páirt iomlán** in ábhar an chúrsa.

Ceanglaítear ar sholáthraithe cúrsaí ar líne (cúrsaí foghlama aisioncrónaí nó meascán de chúrsaí foghlama sioncrónaí agus foghlama aisioncrónaí) agus cúrsaí cumaisc nósanna imeachta dearbhú cáilíochta a fhorbairt le haghaidh soláthar cúrsaí samhraidh go sonrach. Ba cheart breac-chuntas soiléir a thabhairt sna nósanna imeachta sin ar na bearta arna ndéanamh ag na soláthraithe chun an rannpháirtíocht foghlama is mó is féidir agus rannpháirtíocht bhailí gach rannpháirtí a chinntiú. Ba cheart do na soláthraithe lámhleabhar dearbhú cáilíochta atá cothrom le dáta agus sonrach don bhliain **2024** a chur isteach, rud ina mionsonrófaí bearta dearbhú cáilíochta an tsoláthraí, le linn dóibh iarratais ar chúrsa samhraidh a cheadú a chur isteach.

Ba cheart rannáin ar na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sa **Lámhleabhar Dearbhú Cáilíochta**:

- Bearta chun cáilíocht a chinntiú i ndearadh agus ábhar an chúrsa
- Tacaíocht theicniúil
- An comhaontú beartais láithreáin
- Ról an teagascóra
- Bearta chun rannpháirtíocht foghlaimeoirí a uasmhéadú
- Straitéis measúnachta agus aiseolais

- Bradaíl
- Pearsanú
- Bearta chun rannpháirtíocht bhailí a chinntiú
- Nósanna imeachta le haghaidh deimhniú freastail a eisiúint ina gcuimsítear taifead ar an dáta ar ar thosaigh an rannpháirtí an cúrsa agus ar an dáta ar ar chuir an rannpháirtí an cúrsa i gcrích
- Nósanna imeachta le haghaidh tionchar an chúrsa a mheas
- Nósanna imeachta le haghaidh gearáin maidir le haon ghné den chúrsa a láimhseáil.
- Ní mór dearbhuithe a thabhairt sa lámhleabhar freisin go dtabharfaidh an soláthraí rochtain riaracháin iomlán don Chigireacht ar gach gné den chúrsa.

An Próiseas Foghlama i Soláthar Cúrsaí ar Líne a Chur ar Bhonn Foirmiúil

Cinnteoidh an soláthraí go dtabharfar eolas iomlán do na rannpháirtithe faoi na téarmaí agus coinníollacha, na ceanglais agus na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe agus ar rannpháirtithe araon. Ní mór faisnéis ábhartha dhóthanach a sholáthar do na rannpháirtithe maidir le hábhar an chúrsa, maidir leis na ceanglais go n-oibreodh rannpháirtithe le hábhair an chúrsa, maidir leis na caighdeáin a mbeifear ag súil leo nuair a bheidh tascanna á gcur i gcrích agus nuair a bheidh athmhachnaimh á n-uaslódáil, agus maidir le rannchuidithe leis na fóraim ar líne

De bhreis air sin, ní mór don soláthraí a chur in iúl do na rannpháirtithe:

- go gceanglaítear ar na rannpháirtithe an t-ainm atá cláraithe acu leis an gComhairle Mhúinteoireachta a úsáid
- nach gcuirfear suas le bradaíl
- gur sárú ar na téarmaí seirbhíse é pearsanú
- pearsanú (i gcás go gcuirfidh rannpháirtí ina luí ar dhuine eile an cúrsa a chur i gcrích dó/di nó go ndéanfaidh rannpháirtí iarracht cur ina luí ar dhuine eile an cúrsa a chur i gcrích dó/di. Beidh sárú déanta ag an rannpháirtí agus ag an bpearsanaitheoir ar na coinníollacha faoina bhféadfar laethanta saoire pearsanta breise a dheonú). I gcás go dtiocfaidh teagmhais den sórt sin ar aird na Rannóige Oideachais Múinteoirí, **forchoimeádann an Roinn Oideachais an ceart chun ceadú cúrsa a tharraingt siar ó aon soláthraí nach ndéanann formhaoirseacht éifeachtach ar rannpháirtíocht bhailí.**

Ceanglais Mhionsonraithe Riaracháin ó Sholáthraithe

Chun a chinntiú go reáchtálfar clár na gcúrsaí samhraidh ar bhealach réidh éifeachtach,

ní mór don soláthraí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

Céim an Iarratais (mí Eanáir agus mí Feabhra)

Déanfaidh an soláthraí na nithe seo a leanas:

- Foirm iarratais atá comhlánaithe go hiomlán le haghaidh na bliana atá i gceist a chur isteach go leictreonach (i bhformáid pdf) faoin dáta deiridh chuig summercourses@ecdrumcondra.ie. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha agus ní phróiseálfar iad
- Nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, a chinntiú
- A chinntiú go ndéanfar foirm iarratais amháin a chomhlánú agus a chur isteach go leictreonach, agus Foirm Ilionaid/Ildáta a bheith faoi iamh i ndáil le cúrsaí comhionanna samhraidh (i.e., cúrsaí a bhfuil ábhar comhionann acu ach atá le soláthar in ionaid dhifriúla nó ar dhátaí difriúla)
- Cóip leictreonach aonair den Lámhleabhar Dearbhú Cáilíochta a chur isteach i dteannta a n-iarrata(i)s cúrsa chuig **summercourses@ecdrumcondra.ie**. Ní bhaineann sé sin ach amháin le cúrsaí ar líne agus le cúrsaí cumaisc
- I gcás cúrsaí a bhfuil coinníollacha ceangailte leo, an tuairisc chigireachta a chur isteach go leictreonach chuig summercourses@ecdrumcondra.ie i dteannta gach iarratais ar chúrsaí a ndearna an Chigireacht faireachán orthu.
- A chinntiú nach faide teideal an chúrsa ná 70 carachtar (spásanna san áireamh)

Céim an Cheadaithe agus an Achomhairc (mí an Mhárta agus mí Aibreáin)

Déanfaidh an soláthraí na nithe seo a leanas:

- Aon fhiosruithe ó Ionad Oideachais Dhroim Conrach a shoiléiriú
- Achomharc lán-chomhlánaithe a chur isteach laistigh den tréimhse ama shonraithe

Céim an tSoláthair agus an Fhaireacháin (mí Iúil agus mí Lúnasa)

Déanfaidh an soláthraí na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go gcuirfear na mionsonraí iomlána faoi chúrsaí samhraidh ceadaithe ar fáil do mhúinteoirí tamall maith roimh ré, lena n-áirítear aidhmeanna foriomlána an chúrsa agus na torthaí foghlama beartaithe le haghaidh modúl/aonaid chúrsa
- Freastal réasúnta a dhéanamh do rannpháirtithe a bhfuil riachtanais speisialta acu nó a dteastaíonn socruithe speisialta uathu
- Teagmhálaí tiomnaithe a chur ar fáil chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hathruithe i soláthar agus bainistíocht an chúrsa agus chun déileáil le saincheisteanna le linn an phróisis um thuairiscí don Roinn Oideachais a thabhairt chun críche
- Sonraí aon teagmhálaí mhalartaigh a thabhairt ar fhoirm iarratais an chúrsa

- Réamhfhógra faoi gach cúrsa samhraidh cealaithe a chur chuig **summercourses@ecdrumcondra.ie** seachtain amháin ar a laghad roimh ré
- Go leor ball foirne a bheith ar fáil aige chun a chinntiú, i gcás go dtiocfaidh aon imthosca nach raibh súil leo chun cinn, go mbeidh láithreoir/teagascóir/ríomhtheagascóir ionaid ar fáil chun go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh leis an gcúrsa samhraidh mar a fógraíodh, agus fógra a thabhairt d'Ionad Oideachais Dhroim Conrach ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: summercourses@ecdrumcondra.ie
- A chinntiú nach mbeidh barraíocht rannpháirtithe ann in aon chúrsa
- A chinntiú go mbeidh a uimhir chúrsa uathúil féin ag gach cúrsa
- A chinntiú gur chuir múinteoirí cúrsa i gcrích sula dtosaíonn siad cúrsa eile leis an aon soláthraí amháin
- A chinntiú, i gcás breoiteachta nó aon teagmhais eile, go mbeidh ríomhtheagascóir a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige/aici in ann foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach a stiúradh (i gcás nach mbeidh an príomh-ríomhtheagascóir don chúrsa i láthair/ar fáil)
- Cóip den Deimhniú Freastail iomchuí a sholáthar do na múinteoirí uile a chuireann gach gné de chúrsa samhraidh ceadaithe i gcrích go rathúil, rud ina gcuimseofar an dáta a thosaigh na rannpháirtithe an cúrsa agus an dáta a chuir siad i gcrích é, agus mionsonraí iomchuí eile trí úsáid a bhaint as Adobe Acrobat le haghaidh eagarthóireacht a dhéanamh ar dheimhnithe cúrsa agus iad a phriontáil. Beidh tú in ann iad sin a íoslódáil ó www.ecdrumcondra.ie ach d'ainm úsáideora agus do phasfhocal a úsáid
- A chinntiú go gcomhlánóidh gach rannpháirtí foirm mheastóireachta le haghaidh an chúrsa atá i gceist
- I gcás cúrsaí aghaidh ar aghaidh, a chinntiú go mbeidh na deimhnithe comhshínithe ag teagascóir(í) an chúrsa nó stiúrthóir an chúrsa agus ag an rannpháirtí sa chúrsa ar an lá deiridh den chúrsa, rud ina ndeimhneofar freastal an rannpháirtí, cur i gcrích rathúil an chúrsa ag an rannpháirtí agus gnóthachtáil na dtorthaí foghlama ag an rannpháirtí
- I gcás cúrsaí ar líne agus cúrsaí foghlama cumaisc, a chinntiú go mbeidh na deimhnithe comhshínithe ag teagascóir(í) an chúrsa nó stiúrthóir an chúrsa sula n-eiseofar iad, rud ina ndeimhneofar freastal an rannpháirtí, cur i gcrích rathúil an chúrsa ag an rannpháirtí agus gnóthachtáil na dtorthaí foghlama ag an rannpháirtí

Cealuithe

Tá sé de fhreagracht ar an soláthraí a chinntiú go mbeidh líon leordhóthanach múinteoirí cláraithe ar an rolla chun go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh le cúrsa. Chun reáchtáil réidh chlár na gcúrsaí samhraidh a chinntiú, **ní mór do gach soláthraí a dheimhniú** faoi 4.00pm an 21 Meitheamh 2024 go bhfuil líon leordhóthanach múinteoirí cláraithe acu agus go mbeifear ag leanúint ar aghaidh lena gcúrsaí fógartha. Cinnteoidh sé sin go mbeidh go leor ama ag na múinteoirí lena mbaineann chun iarratas a dhéanamh ar chúrsa malartach.

Céim an Iarsholáthair

<u>De bhreis air sin, beidh sé riachtanach, i gcás cúrsaí aghaidh ar aghaidh:</u>

- Leabhar rolla comhlánaithe an chúrsa samhraidh a sheoladh ar ais chuig Ionad Oideachais Dhroim Conrach ag deireadh an chúrsa samhraidh, agus tráth nach déanaí ná an Aoine an 30 Lúnasa 2024. Ní ghlacfar le leabhair rolla atá fótachóipeáilte, lámhscríofa nó scanta
- Na foirmeacha meastóireachta uile ó na rannpháirtithe i gcúrsaí samhraidh a choinneáil ar feadh tréimhse bliana chun go mbeidh an Roinn Oideachais in ann iad a athbhreithniú
- Iarrfaidh Ionad Oideachais Dhroim Conrach go seolfaí foirmeacha meastóireachta ó na rannpháirtithe ó chúrsaí roghnaithe ar ais mar chuid den phróiseas dearbhú cáilíochta

Más rud é go ndearna cigire ón Roinn Oideachais meastóireacht ar chúrsa samhraidh an tsoláthraí, ceanglófar ar an soláthraí páirt a ghlacadh sa phróiseas dearbhú fíricí

<u>Déanfaidh gach soláthraí na nithe seo a leanas</u>

- An fhaisnéis staitistiúil a theastaíonn ón Roinn Oideachais a chur isteach tríd an nasc ‘Tuairisceáin Staitistiúla 2024’ ar **http://www.ecdrumcondra.ie** a úsáid faoin Aoine an 30 Lúnasa 2024. Áirítear leis na sonraí sin faisnéis meastóireachta cumaisc, mionsonraí faoi rannpháirtithe agus rátaí cuir i gcrích, i measc nithe eile. I gcás soláthraithe ar líne a sholáthraíonn roinnt cúrsaí samhraidh, faisnéis faoin líon rannpháirtithe a chuireann trí chúrsa, dhá chúrsa agus cúrsa amháin i gcrích.

Critéir le haghaidh cúrsaí samhraidh a cheadú agus meastóireacht a dhéanamh orthu

Agus cúrsaí samhraidh á ndearadh agus á soláthar aige, ní mór don soláthraí aird a thabhairt ar an bpríomhchuspóir atá le clár na gcúrsaí samhraidh, is é sin: na scileanna teagaisc, foghlama agus/nó bainistíochta atá ag múinteoirí a chur ar aghaidh ar mhaithe le torthaí níos fearr foghlama a sholáthar do dhaltaí.

Ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh chun ceadú a fháil ón Roinn Oideachais le haghaidh cúrsaí samhraidh a sholáthar do laethanta saoire pearsanta breise.

Ábhar an Chúrsa

- Léirítear in ábhar an chúrsa beartas na Roinne Oideachais agus taighde comhaimseartha ar an topaic
- Tá ábhar an chúrsa agus na príomhtheachtaireachtaí do gach catagóir cúrsa ag teacht leo sin a soláthraíonn seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais iad.
- Luaitear go soiléir in ábhar an chúrsa na torthaí foghlama do na rannpháirtithe
- Ba cheart ábhair léitheoireachta an chúrsa a bheith ag teacht le beartas na Roinne Oideachais agus le taighde comhaimseartha ar an topaic agus ba cheart iad sin a úsáid chun buntacú le raon gníomhaíochtaí foghlama atá sách dúshlánach agus a ndéanann soláthraí an chúrsa iad a cheapadh agus a sholáthar do na rannpháirtithe.
- Tá ábhar an chúrsa dírithe ar fheabhas a chur ar thorthaí agus eispéiris foghlama na ndaltaí agus ba cheart é a bheith bunaithe ar an doiciméad dar teideal Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta (An Roinn Oideachais, 2022)
- Léirítear in ábhar an chúrsa príomhphrionsabail, príomhábhar agus príomhscileanna Churaclam na Bunscoile 1999 agus, i gcás cúrsaí litearthachta, príomhphrionsabail, príomhábhar agus príomhscileanna Churaclam Teanga na Bunscoile 2019. Ós rud é gur sheoladh Curaclam Matamaitice na Bunscoile sa bhliain 2023, ba cheart príomhtheachtaireachtaí an churaclaim sin a léiriú nuair is cuí.
- I gcás go n-eiseofar sonraíochtaí nua curaclaim, ba cheart don soláthraí ábhar ina léirítear curaclaim roimhe a bhaint den chúrsa.
- Tugtar aird chuí in ábhar an chúrsa ar leibhéil shonracha ranga agus ar riachtanais foghlama aonair na ndaltaí

Eispéireas Foghlama na Rannpháirtithe

- Éascaítear foghlaim na rannpháirtithe ar roinnt slite éagsúla, mar shampla,

- i gcúrsaí aghaidh ar aghaidh - turais allamuigh, léachtaí, ceardlanna, agus láithreoireachtaí ilmheán
- i gcúrsaí ar líne – soláthrófar 10 n-uaire an chloig d'fhoghlaim aisioncrónach agus 10 n-uaire an chloig d'eispéiris foghlama as líne

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, i gcás an Chláir Cúrsaí Samhraidh 2024, go bhféadfaidh soláthraithe a roghnú:

- tosú ar chomhdhéanamh na gcúrsaí a athchothromú, mar shampla chun 13 huaire an chloig a sholáthar ar líne agus chun seacht n-uaire an chloig a sholáthar as líne;
- cúrsaí níos giorra a sholáthar ar líne, mar shampla cúrsaí ceithre seachtaine;
- cóimheas níos ísle idir rannpháirtithe agus teagascóir a chur chun feidhme, mar shampla caoga rannpháirtí in aghaidh an teagascóra.

- Foghlaimeoidh rannpháirtithe ar shlí idirghníomhach, mar shampla,
  - i **gcúrsaí aghaidh ar aghaidh** - plé, grúpobair, foghlaim ghníomhaíochtbhunaithe, agus athmhachnamh struchtúrtha ar chleachtas
  - i **gcúrsaí ar líne** - tascanna a chur i gcrích a gceapann an soláthraí iad bunaithe ar na hábhair léitheoireachta/thaighde a sholáthraítear agus lena dtacaítear le hathmhachnamh ar leibhéal an duine aonair nó an ghrúpa (seachas ceisteanna ilroghnacha) agus le rannpháirtíocht i bhfóraim phlé agus in athmhachnamh struchtúrtha ar chleachtas chun tacú le comhoibriú
- Cuireann eispéiris foghlama na rannpháirtithe lena bhforbairt ghairmiúil agus tá siad dírithe ar obair na scoile a fheabhsú
- Tugtar deiseanna do rannpháirtithe ábhair/acmhainní léitheoireachta atá ábhartha agus ar dhea-cháilíocht a rochtain go héasca agus/nó acmhainní a ghiniúint agus a chomhroinnt
- Beidh deiseanna ag rannpháirtithe a n-athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, ar an gcleachtas agus ar úsáid phrionsabail an chúrsa ina gcomhthéacs/suíomh féin.

Bainistíocht an Chúrsa

<u>I gcás cúrsaí aghaidh ar aghaidh</u>

- cloítear leis na cóimheasa uasta agus íosta idir rannpháirtithe agus teagascóir/láithreoir. Is é sin le rá, bíonn cúig rannpháirtí is fiche ar a mhéad ann in aghaidh an teagascóra/an láithreora agus bíonn deichniúr rannpháirtithe ar a laghad ann in aghaidh an teagascóra/an láithreora

- coimeádtar leabhair rolla agus déantar foirmeacha meastóireachta a chur le chéile, a chomhlánú agus a chur isteach de réir ceanglais luaite
- is timpeallacht oiriúnach foghlama é an t-ionad agus cloítear ann leis an amchlár a cuireadh isteach
- déanann teagascóirí faireachán ar na gníomhaíochtaí agus na tascanna a shanntar do na rannpháirtithe agus tugann siad aiseolas do na rannpháirtithe ina leith
- cumasaítear do gach rannpháirtí taifead foghlama a chruthú ar a c(h)uid foghlama

<u>I gcás cúrsaí ar líne, cinntíonn an soláthraí na nithe seo a leanas:</u>

- Caitheann na rannpháirtithe deich n-uaire an chloig ar a laghad ar líne, agus deimhniú deich n-uaire an chloig ar a mhéad incheadaithe do ghníomhaíochtaí eile foghlama

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, i gcás cúrsaí samhraidh sa bhliain 2024, go bhféadfaidh soláthraithe a roghnú:

- tosú ar chomhdhéanamh na gcúrsaí a athchothromú, mar shampla chun 13 huaire an chloig a sholáthar ar líne agus chun seacht n-uaire an chloig a sholáthar as líne;
- cúrsaí níos giorra a sholáthar ar líne, mar shampla cúrsaí ceithre seachtaine;
- cóimheas níos ísle idir rannpháirtithe agus teagascóir a chur chun feidhme, mar shampla caoga rannpháirtí in aghaidh an teagascóra.

- Beidh cúrsaí ar siúl ón 1 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2024.
- Léirítear in ábhar an chúrsa beartas na Roinne Oideachais agus taighde comhaimseartha ar an topaic
- Luaitear go soiléir in ábhar an chúrsa na torthaí foghlama do na rannpháirtithe
- Ba cheart ábhair léitheoireachta an chúrsa a bheith ag teacht le beartas na Roinne Oideachais agus le taighde comhaimseartha ar an topaic agus ba cheart iad sin a úsáid chun buntacú le raon gníomhaíochtaí foghlama as líne atá sách dúshlánach agus a ndéanann soláthraí an chúrsa iad a cheapadh agus a sholáthar do na rannpháirtithe.
- Tá ábhar an chúrsa dírithe ar fheabhas a chur ar thorthaí agus eispéiris foghlama na ndaltaí agus ba cheart é a bheith bunaithe ar an doiciméad dar teideal Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2023 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta (An Roinn Oideachais, 2023)
- Ní fhéadfar líon is mó ná **75** rannpháirtí a chur isteach i ngrúpa cúrsa atá sannta do theagascóir sonrach/tiomnaithe. Beidh feidhm aige sin fiú i gcás go mbeidh na múinteoirí cláraithe ach nach mbeidh an cúrsa tosaithe acu nó i gcás nach mbeidh siad gníomhach
- Óstáiltear na cúrsaí i dtimpeallacht fhíorúil foghlama a bhfuil cuma tharraingteach

uirthi agus atá éasca le nascleanúint agus le húsáid
- Stiúrann ríomhtheagascóirí na fóraim ar líne ar mhaithe leis na rannpháirtithe a chur i mbun plé, díospóireachta, ceistiúcháin agus athmhachnaimh
- Déanann gach rannpháirtí dhá phostáil fóraim ar a laghad in aghaidh an mhodúil
- Chun gach modúl a chur i gcrích go rathúil, ceanglaítear ar na rannpháirtithe tasc amháin ar a laghad a chur i gcrích ina léirítear gur bhain siad torthaí luaite foghlama an mhodúil sin amach
- I measc na samplaí de thascanna tá quizeanna ar líne, tascanna scríofa, tuairiscí, tascanna comhoibríocha, podchraoltaí a n-uaslódálann na rannpháirtithe iad, acmhainní teagaisc, agus gníomhaíochtaí struchtúrtha athmhachnamhacha. **Tabhair faoi deara: Ní cheadaítear ceisteanna ilroghnacha.**
- Chun an cúrsa a chur i gcrích go rathúil, ceanglaítear ar na rannpháirtithe tasc foghlama athmhachnamhaí a chur i gcrích ina léirítear gur bhain siad torthaí luaite foghlama an chúrsa amach
- Cumasaítear do gach rannpháirtí taifead leictreonach a chruthú ar a c(h)uid foghlama, rud ina mbeidh, ar a laghad, na cúig thasc agus na cúig phostáil a rinne sé/sí
    - Tugann ríomhtheagascóirí aiseolas tráthúil do na rannpháirtithe chun tacú lena gcuid foghlama
    - Tá dul chun cinn na rannpháirtithe ó mhodúl go modúl ag brath ar na tascanna a chur i gcrích
    - Chuir gach ríomhtheagascóir oiliúint i gcrích go rathúil in éascú ar líne
    - Foilsíonn an soláthraí na nósanna imeachta dearbhú cáilíochta uaidh agus cuireann sé cóip leictreonach aonair isteach in éineacht leis na hiarratais uaidh ar cheadú don chúrsa – ní chuirfear níos mó ná cóip amháin san iomlán isteach ó aon soláthraí aonair

Léiriú ar Thosaíochtaí Náisiúnta (Níltear ag súil leis go dtabharfar aghaidh ar gach tosaíocht - cinnteoidh soláthraithe go dtabharfar aghaidh ar an tosaíocht is ábhartha d'ábhar/torthaí an chúrsa. Ní mór aghaidh a thabhairt ar Fhéinmheastóireacht Scoile (SSE) agus ar Theicneolaíochtaí Digiteacha i ngach cúrsa)

- Agus iad ina dtosaíochtaí náisiúnta, tugtar aghaidh ar fhéinmheastóireacht scoile agus ar Theicneolaíochtaí Digiteacha sna torthaí foghlama do na rannpháirtithe agus tá siad ina gcuid d'eispéiris amchláraithe foghlama na rannpháirtithe.
- I ndáil le féinmheastóireacht scoile, moltar go sonrófaí i ngach cúrsa conas a úsáidfear an próiseas féinmheastóireachta scoile chun cabhrú le múinteoirí athruithe a dhéanamh chun feabhas a chur ar thorthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí i raon suíomhanna éagsúla. Le féinmheastóireacht scoile, cabhraítear le scoileanna athruithe atá beag agus fiúntach a dhéanamh chun feabhas a chur ar thorthaí d'fhoghlaimeoirí agus tugtar deis athmhachnamh, breithniú agus athmhachnamh a

dhéanamh ar na nithe ar éirigh leo agus na nithe nár éirigh leo agus ar na daoine a bhain tairbhe astu agus na daoine nár bhain tairbhe astu. Is cabhair í maidir le sainaithint a dhéanamh ar réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú chun dul chun tairbhe d'eispéiris agus torthaí foghlama na ndaltaí. Tugtar deis léi freagairt go solúbtha do dhúshláin de réir mar a thagann siad chun cinn – rud atá an-ábhartha faoi láthair.

Meastóireacht a dhéanamh ar chúrsaí samhraidh

Déanann an Chigireacht meastóireacht ar rogha cúrsaí samhraidh thar ceann na Rannóige Oideachais Múinteoirí gach bliain. Is é seo a leanas an cuspóir atá leis na meastóireachtaí sin:

- cáilíocht an tsoláthair i gclár na gcúrsaí samhraidh a shuí
- tuairisc a thabhairt don Rannóg Oideachais Múinteoirí ar cháilíocht fhoriomlán an tsoláthair
- moltaí a dhéanamh don Rannóg Oideachais Múinteoirí agus do sholáthraithe aonair maidir le conas is féidir feabhas a chur ar na torthaí agus na heispéiris foghlama do mhúinteoirí a ghlacann páirt sa chlár

Déantar meastóireacht ar gach cúrsa trí úsáid a bhaint as an gcreat meastóireachta seo a leanas, ina léirítear ceannteidil na gcritéar:

- Ábhar an chúrsa
- Eispéireas foghlama na rannpháirtithe
- Bainistíocht an chúrsa
- Léiriú ar thosaíochtaí náisiúnta

An cur chuige meastóireachta do chúrsaí aghaidh ar aghaidh:

- Caithfidh an cigire sannta lá iomlán amháin ag déanamh meastóireacht ar an gcúrsa samhraidh
- Ní thabharfar aon fhógra roimh ré faoi na cuairteanna
- Beidh an cigire i láthair ó thús gach seisiúin a bhfuil meastóireacht á déanamh air
- Féadfaidh an cigire páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus tascanna an chúrsa
- Le linn an lae, iarrfar ar an teagascóir an leabhar rolla a sholáthar don chigire
- Tabharfaidh an cigire aiseolas ó bhéal don teagascóir/eagraí ag deireadh an lae
- Gheobhaidh stiúrthóir an chúrsa tuairisc mheastóireachta ar an gcúrsa
- Féadfaidh stiúrthóir an chúrsa freagra a thabhairt ar chruinneas fíriciúil na tuairisce tríd an bpróiseas dearbhú fíricí atá leagtha amach thíos

An cur chuige meastóireachta do chúrsaí ar líne:

- Déanfaidh an cigire sannta teagmháil le soláthraí an chúrsa chun rochtain riaracháin a fháil ar an gcúrsa. Ní fhéadfaidh an cigire aon obair eagarthóireachta a dhéanamh air. I gcás nach mbeidh rochtain den sórt sin ar fáil, forchoimeádfaidh an Rannóg Oideachais Múinteoirí an ceart chun ceadú an

chúrsa a tharraingt siar
- Déanfaidh an cigire an mheastóireacht thar fhad an chúrsa nó na modúl sonrach
- Féadfaidh an cigire páirt a ghlacadh i dtascanna agus plé an chúrsa
- Tabharfaidh an cigire aiseolas ó bhéal don eagraí nuair a bheidh an mheastóireacht thart
    - Féadfaidh an cigire faisnéis bhreise a iarraidh, de réir mar is gá
    - Gheobhaidh stiúrthóir an chúrsa tuairisc mheastóireachta ar an gcúrsa
    - Féadfaidh stiúrthóir an chúrsa freagra a thabhairt ar chruinneas **fíriciúil** na tuairisce tríd an bpróiseas dearbhú fíricí atá leagtha amach thíos

I gcás cúrsaí cumaisc, féadfar meastóireacht a dhéanamh ar an ngné ar líne nó ar an ngné aghaidh ar aghaidh nó féadfar meastóireacht a dhéanamh ar an dá cheann díobh.

Aghaidh a Thabhairt ar Mholtaí
Is é an aidhm a bheidh le gach meastóireacht ar chúrsaí samhraidh a chinntiú go mbeidh na cúrsaí ar an gcáilíocht is airde is féidir. Féadfaidh an cigire tuairiscithe moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar cháilíocht ábhar an chúrsa, ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí, ar bhainistíocht an chúrsa agus/nó ar an léiriú ar thosaíochtaí náisiúnta. Táthar ag súil leis go gcuirfidh soláthraithe na moltaí chun feidhme a luaithe is féidir.

I gcás go sainaithneofar easnaimh shuntasacha le linn meastóireacht a dhéanamh ar chúrsa samhraidh, áfach, luafaidh an cigire na heasnaimh sin sa tuairisc mheastóireachta agus molfaidh sé/sí don Rannóg Oideachais Múinteoirí nár cheart an cúrsa a cheadú ach amháin i gcás go ndéanfar na feabhsuithe a leagadh síos mar choinníollacha. I gcás den sórt sin, ní mór don soláthraí iarratas nua a chur isteach agus dearbhú a thabhairt gur tugadh aghaidh ar na heasnaimh shuntasacha.

Forchoimeádann an Rannóg Oideachais Múinteoirí an ceart chun ceadú cúrsa a tharraingt siar i gcás gur cinneadh i meastóireacht nach gcomhlíonann sé na critéir agus gur theip ar an soláthraí aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha a cuireadh in iúl dó.

Forchoimeádann an Rannóg Oideachais Múinteoirí an ceart chun ceadú cúrsa a tharraingt siar i gcás nach mbeidh ábhar sonrach an chúrsa, nó ábhair an chúrsa, ag teacht leis an mbeartas náisiúnta.

Dearbhú fíricí a dhéanamh ar an tuairisc mheastóireachta
Tá gach tuairisc faoi réir próiseas dearbhú fíricí.

Déanfaidh an soláthraí cóip den dréacht-tuairisc ar an gcúrsa samhraidh a sheoladh chuig an soláthraí, agus foirm dearbhú fíricí ag gabháil léi. Tabharfar cuireadh don soláthraí aird

na Cigireachta a tharraingt ar aon **earráidí fíriciúla** sa tuairisc mheastóireachta laistigh de chúig lá oibre trí úsáid a bhaint as an bhfoirm dearbhú fíricí.

Más rud é go dtarraingeofar aird na Cigireachta ar aon earráidí fíriciúla, is féidir go leasófar an tuairisc, de réir mar is gá. I bhformhór na gcásanna, déanfar amhlaidh laistigh de chúig lá oibre. Más rud é nach bhfaighfear aon fhreagra maidir le dearbhú fíricí laistigh de chúig lá oibre ó dháta eisiúna na tuairisce, glacfar leis gur deimhin leis an soláthraí go bhfuil an tuairisc cruinn.

Aguisín a hAon

FOIRM IARRATAIS DO CHÚRSAÍ SAMHRAIDH AGHAIDH AR AGHAIDH DO MHÚINTEOIRÍ 2024

Sula gcomhlánófar an fhoirm seo, ba cheart breathnú go cúramach ar an Lámhleabhar Soláthraithe, ar na critéir le haghaidh Cúrsaí Samhraidh a cheadú, ar na tosaíochtaí náisiúnta agus ar an ngluais téarmaí.

Deimhním gur léigh mé na ceanglais agus na critéir riaracháin do sholáthraithe cúrsaí samhraidh agus gur ghlac mé leo:

Sínithe (Soláthraí an Chúrsa)_____

Toilím le rochtain a bheith ag Ionad Oideachais Dhroim Conrach ar na mionsonraí a sholáthair mé. Ní úsáidfimid do mhionsonraí chun aon chríche seachas chun d'iarratas a phróiseáil. Beidh rochtain ag an Roinn Oideachais ar na mionsonraí sin chun an próiseas ceadúcháin a sheoladh, chun faireachán a dhéanamh ar an gcúrsa agus chun críocha dearbhú cáilíochta.Ní chomhroinnfimid iad le haon pháirtithe eile.

Sínithe (Soláthraí an Chúrsa)_____

Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána.

1. Mionsonraí Teagmhála an tSoláthraí:

Soláthraí an Chúrsa:	
Stiúrthóir an Chúrsa:	
Seoladh:	
Fón:	
Facs:	
Ríomhphost:	
www:	
Teagmhálaí Malartach	
Fón:	
Ríomhphost:	

1. Mionsonraí Eagrúcháin an Chúrsa:

Teideal an Chúrsa (70 carachtar ar a mhéad)						
Dáta an Chúrsa						
Spriocphobal an Chúrsa	Múinteoirí Bunscoile		Múinteoirí Iar-bhunscoile		Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoile	
Cén leibhéal rang-ghrúpa/bliainghrúpa, nó cé na leibhéil rang-ghrúpa/bhliainghrúpa, ar a bhfuil ábhar an chúrsa samhraidh dírithe?						

Tosaíochtaí Náisiúnta (roghnaigh ceann AMHÁIN)	Cat. (1): Litearthacht (Béarla agus Gaeilge)	Cat. (2): STEM, lena n-áirítear Matamaitic
Cat. (3): Béarla mar Theanga Bhreise	Cat. (4): Na Seomraí Ranga Cuimsitheacha	Cat. (5): Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
Cat. (6): Teagasc agus Foghlaim	Cat. (7): Ceannaireacht agus Bainistíocht	Cat. (8): Folláine/Cineáltas
Cat. (9): Oideachais Riachtanais Speisialta	Cat. (10) MFL	

Ionad	
An líon réamh-mheasta Rannpháirtithe sa Chúrsa	

An líon réamh-mheasta Grúpaí/Teagascóirí ar an gCúrsa (Féach na critéir shonracha maidir le cóimheasa teagascóirí)	

2. Pearsanra an Chúrsa

Comhlánaigh mionsonraí do gach pearsa ábhartha ar an gcúrsa seo. Cuir rónna breise leis, más gá.

Ról	**Ainm an Mhúinteora Chláraithe**	**Uimhir Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireach**	**Taithí, Saineolas agus Cáilíochtaí (Leibhéal ar Chreat Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann)**
Teagascóir an Chúrsa			

3. Leaganacha Roimhe den Chúrsa seo

*Má rinneadh meastóireacht ar an gcúrsa ón mbliain 2018, cuir cóip den tuairisc is déanaí faoi iamh in éineacht leis an iarratas seo

Má soláthraíodh an cúrsa seo roimhe seo, tabhair mionsonraí faoi na blianta	
Cén uair a rinneadh an nuashonrú is déanaí ar ábhar an chúrsa?	

4. Dearbhú Cáilíochta

Sonraigh conas a dhéanfar faireachán ar obair an teagascóra/na dteagascóirí	
Liostaigh na príomhstraitéisí a úsáidfear chun rannpháirtíocht na rannpháirtithe a uasmhéadú	
Conas a dhéanfar meastóireacht ar thionchar an chúrsa seo?	

5. Breac-chuntas ar an gCúrsa agus an tionchar beartaithe. 100 focal ar a

mhéad in aghaidh an rannáin.

Liostaigh aidhmeanna foriomlána an chúrsa	• • • •
Conas a chuirfidh rannpháirtíocht na múinteoirí sa chúrsa seo feabhas ar a gcleachtas aonair nó comhchoiteann i ndáil le scileanna teagaisc, foghlama agus measúnachta?	• • •
Conas a chuirfidh rannpháirtíocht na múinteoirí sa chúrsa seo cineálacha cuimsitheacha/difreáilte cur chuige agus modhanna éifeachtacha teagaisc chun cinn?	• • • •
A. Cé na modhanna sonracha foghlama a úsáidfear? B. Conas a thacófar le hathmhachnamh aonair/comhchoiteann ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnacht?	A. B.
Sonraigh conas a úsáidfear an próiseas féinmheastóireachta scoile chun cabhrú le múinteoirí athruithe a dhéanamh chun feabhas a chur ar thorthaí agus eispéiris foghlama na bhfoghlaimeoirí.	• • • •
Conas a chuireann an cúrsa seo úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha i scoileanna chun cinn?	• • •
Conas a léirítear sa chúrsa na prionsabail is bun do Cosán, an Chreatlach Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí, agus na caighdeáin atá leagtha amach ann?	•

Tabhair forbhreathnú ar na **príomhábhair/príomhacmhainní** léitheoireachta a chuirtear ar fáil do na rannpháirtithe nó tabhair an t-ainm atá orthu, ar ábhair/acmhainní iad atá cothrom le dáta agus ábhartha agus atá ar aon dul le beartais na Roinne Oideachais.	• • • •
Conas a thabharfar aiseolas do na rannpháirtithe ar a dtascanna?	•
Déan cinnte de go bhfuil tú eolach ar an bhfoilseachán dar teideal Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta ón Roinn Oideachais agus go ndéantar tagairt shonrach sna torthaí luaite foghlama agus in eispéiris foghlama na rannpháirtithe araon do thacú le múinteoirí féinmheastóireacht scoile a úsáid.	

Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí Bunscoile 2024: Breac-chuntas ar an Amchlár agus ar na Modúil do Chúrsaí Aghaidh ar Aghaidh

Teideal an Chúrsa:
Catagóir an Chúrsa:
Dátaí an Chúrsa:

Ní mór amanna tosaithe agus críochnaithe an chúrsa a bheith sonraithe go soiléir do gach lá.

Ní mór féinmheastóireacht scoile a bheith ar áireamh san amchlár seo. Leathnaítear an leathanach de réir mar is gá

	Torthaí Sonracha Foghlama do na rannpháirtithe	**Cur síos ar an ábhar**	**Modheolaíochtaí a úsáidtear chun rannpháirtíocht na rannpháirtithe a chothú**	**Tabhair breac-chuntas ar raon gníomhaíochtaí nó tascanna a dhéanann na rannpháirtithe chun na torthaí foghlama a bhaint amach.**
Lá 1	• •			
Lá 2	• • •			
Lá 3	• • • •			
Lá 4	• •			

Lá 5	• •			

Aguisín a Dó

FOIRM IARRATAIS DO CHÚRSAÍ SAMHRAIDH CUMAISC DO MHÚINTEOIRÍ 2024

Sula gcomhlánófar an fhoirm seo, ba cheart breathnú go cúramach ar an Lámhleabhar Soláthraithe, ar na critéir le haghaidh Cúrsaí Samhraidh a cheadú, ar na tosaíochtaí náisiúnta agus ar an ngluais téarmaí.

Deimhním <u>gur léigh mé</u> na ceanglais agus na critéir riaracháin do sholáthraithe cúrsaí samhraidh agus <u>gur ghlac mé leo</u>:

Sínithe (Soláthraí an Chúrsa)_____

Toilím le rochtain a bheith ag Ionad Oideachais Dhroim Conrach ar na mionsonraí a sholáthair mé. Ní úsáidfimid do mhionsonraí chun aon chríche seachas chun d'iarratas a phróiseáil. Beidh rochtain ag an Roinn Oideachais ar na mionsonraí sin chun an próiseas ceadúcháin a sheoladh, chun faireachán a dhéanamh ar an gcúrsa agus chun críocha dearbhú cáilíochta.Ní chomhroinnfimid iad le haon pháirtithe eile.

Sínithe (Soláthraí an Chúrsa)_____

<u>Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána.</u>

1. **Mionsonraí Teagmhála an tSoláthraí:**

Soláthraí an Chúrsa:	
Stiúrthóir an Chúrsa:	
Seoladh:	
Fón:	
Facs:	
Ríomhphost:	
www:	
Teagmhálaí Malartach	
Fón:	
Ríomhphost:	

2. Mionsonraí Eagrúcháin an Chúrsa:

Teideal an Chúrsa (70 carachtar ar a mhéad)						
Dáta an Chúrsa						
Spriocphobal an Chúrsa	Múinteoirí Bunscoile		Múinteoirí Iar-bhunscoile		Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoile	
Cén leibhéal rang-ghrúpa/bliainghrúpa, nó cé na leibhéil rang-ghrúpa/bhliainghrúpa, ar a bhfuil ábhar an chúrsa samhraidh dírithe?						

Tosaíochtaí Náisiúnta (roghnaigh ceann AMHÁIN)	Cat. (1): Litearthacht (Béarla agus Gaeilge)	Cat. (2): STEM, lena n-áirítear Matamaitic
Cat. (3): Béarla mar Theanga Bhreise	Cat. (4): Na Seomraí Ranga Cuimsitheacha	Cat. (5): Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
Cat. (6): Teagasc agus Foghlaim	Cat. (7): Ceannaireacht agus Bainistíocht	Cat. (8): Folláine/Cineáltas
Cat. (9): Oideachais Riachtanais Speisialta	Cat. (10): MFL	

Ionad	
An líon réamh-mheasta Rannpháirtithe sa Chúrsa	
An líon réamh-mheasta Grúpaí/Teagascóirí ar an gCúrsa (Féach na critéir shonracha maidir le cóimheasa teagascóirí)	

3. Pearsanra an Chúrsa

Comhlánaigh mionsonraí do gach pearsa ábhartha ar an gcúrsa seo. Cuir rónna breise leis, más gá.

Ról	**Ainm an Mhúinteora Chláraithe**	**Uimhir Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireach**	**Taithí, Saineolas agus Cáilíochtaí (Leibhéal ar Chreat Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann)**
Teagascóir an Chúrsa			

4. Leaganacha Roimhe den Chúrsa seo

*Má rinneadh meastóireacht ar an gcúrsa ón mbliain 2018, cuir cóip den tuairisc is déanaí faoi iamh in éineacht leis an iarratas seo

Má soláthraíodh an cúrsa seo roimhe seo, tabhair mionsonraí faoi na blianta	
Cén uair a rinneadh an nuashonrú is déanaí ar ábhar an chúrsa?	

5. Dearbhú Cáilíochta

Sonraigh conas a dhéanfar faireachán ar obair an teagascóra/na dteagascóirí	
Liostaigh na príomhstraitéisí a úsáidfear chun rannpháirtíocht na rannpháirtithe a uasmhéadú	
Conas a dhéanfar meastóireacht ar thionchar an chúrsa seo?	

6. Breac-chuntas ar an gCúrsa agus an tionchar beartaithe. 100 focal ar a mhéad in aghaidh an rannáin.

Liostaigh aidhmeanna foriomlána an chúrsa	• • • •

Conas a chuirfidh rannpháirtíocht na múinteoirí sa chúrsa seo feabhas ar a gcleachtas aonair nó comhchoiteann i ndáil le scileanna teagaisc, foghlama agus measúnachta?	• • •
Conas a chuirfidh rannpháirtíocht na múinteoirí sa chúrsa seo cineálacha cuimsitheacha/difreáilte cur chuige agus modhanna éifeachtacha teagaisc chun cinn?	• • • •
A. Cé na modhanna sonracha foghlama a úsáidfear B. Conas a thacófar le hathmhachnamh aonair/comhchoiteann ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnacht?	A. B.
Sonraigh conas a úsáidfear an próiseas féinmheastóireachta scoile chun cabhrú le múinteoirí athruithe a dhéanamh chun feabhas a chur ar thorthaí agus eispéiris foghlama na bhfoghlaimeoirí.	• • • •
Conas a chuireann an cúrsa seo úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha i scoileanna chun cinn?	• • •
Conas a léirítear sa chúrsa na prionsabail is bun do Cosán, an Chreatlach Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí, agus na caighdeáin atá leagtha amach ann?	•
Tabhair forbhreathnú ar na **príomhábhair**/**príomhacmhainní** léitheoireachta a chuirtear ar fáil do na rannpháirtithe nó tabhair an t-ainm atá orthu, ar ábhair/acmhainní iad atá cothrom le dáta agus ábhartha agus atá ar aon dul le beartais na Roinne Oideachais	• • • •

Conas a thabharfar aiseolas do na rannpháirtithe ar a dtascanna?	•
Déan cinnte de go bhfuil tú eolach ar an bhfoilseachán dar teideal Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta ón Roinn Oideachais agus go ndéantar tagairt shonrach sna torthaí luaite foghlama agus in eispéiris foghlama na rannpháirtithe araon do thacú le múinteoirí féinmheastóireacht scoile a úsáid.	

Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí Bunscoile 2024: Breac-chuntas ar an Amchlár agus ar na Modúil do Chúrsaí Cumaisc

Teideal an Chúrsa:
Catagóir an Chúrsa:
Dátaí an Chúrsa:

Ní mór amanna tosaithe agus críochnaithe an chúrsa a bheith sonraithe go soiléir do gach lá.

- **Ní mór** na laethanta/na hamanna a bheidh foghlaim aghaidh ar aghaidh (ocht n-uaire an chloig) ar siúl a bheith ar áireamh san amchlár seo.
- Éascófar an chuid eile den fhoghlaim (12 uair an chloig) i modúil ar líne a mhairfidh ceithre huaire an chloig. Soláthrófar na modúil sin trí fhoghlaim aisioncrónach agus trí fhoghlaim as líne.
- Ní mór a shonrú san amchlár freisin cén uair a chuirfear féinmheastóireacht scoile (SSE) ar áireamh sa chúrsa.

	Torthaí Sonracha Foghlama do na rannpháirtithe	Cur síos ar an ábhar	Modheolaíochtaí a úsáidtear chun rannpháirtíocht na rannpháirtithe a chothú	An raon gníomhaíochtaí nó tascanna a dhéanann na rannpháirtithe chun na torthaí foghlama a bhaint amach (Gan aon cheisteanna ilroghnacha)
An chéad lá den chúrsa aghaidh ar aghaidh	•			
An dara lá den chúrsa aghaidh ar aghaidh	•			
Modúl ar Líne 1	•			
Modúl ar Líne 2	•			
Modúl ar Líne 3	•			

Aguisín a Trí

FOIRM IARRATAIS DO CHÚRSAÍ SAMHRAIDH AR LÍNE DO MHÚINTEOIRÍ 2024

Sula gcomhlánófar an fhoirm seo, ba cheart breathnú go cúramach ar an Lámhleabhar Soláthraithe, ar na critéir le haghaidh Cúrsaí Samhraidh a cheadú, ar na tosaíochtaí náisiúnta agus ar an ngluais téarmaí.

Deimhním <u>gur léigh mé</u> na ceanglais agus na critéir riaracháin do sholáthraithe cúrsaí samhraidh agus <u>gur ghlac mé leo</u>:

Sínithe (Soláthraí an Chúrsa)_____

Toilím le rochtain a bheith ag Ionad Oideachais Dhroim Conrach ar na mionsonraí a sholáthair mé. Ní úsáidfimid do mhionsonraí chun aon chríche seachas chun d'iarratas a phróiseáil. Beidh rochtain ag an Roinn Oideachais ar na mionsonraí sin chun an próiseas ceadúcháin a sheoladh, chun faireachán a dhéanamh ar an gcúrsa agus chun críocha dearbhú cáilíochta.Ní chomhroinnfimid iad le haon pháirtithe eile.

Sínithe (Soláthraí an Chúrsa)_____

<u>Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána.</u>

1. **Mionsonraí Teagmhála an tSoláthraí:**

Soláthraí an Chúrsa:	
Stiúrthóir an Chúrsa:	
Seoladh:	
Fón:	
Facs:	
Ríomhphost:	
www:	

Teagmhálaí Malartach	
Fón:	
Ríomhphost:	

2. Mionsonraí Eagrúcháin an Chúrsa:

Teideal an Chúrsa (70 carachtar ar a mhéad)						
Dáta an Chúrsa						
Spriocphobal an Chúrsa	Múinteoirí Bunscoile		Múinteoirí Iar-bhunscoile		Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoile	
Cén leibhéal rang-ghrúpa/bliainghrúpa, nó cé na leibhéil rang-ghrúpa/bhliainghrúpa, ar a bhfuil ábhar an chúrsa samhraidh dírithe?						

Tosaíochtaí Náisiúnta (roghnaigh ceann AMHÁIN)	Cat. (1): Litearthacht (Béarla agus Gaeilge)	Cat. (2): STEM, lena n-áirítear Matamaitic
Cat. (3): Béarla mar Theanga Bhreise	Cat. (4): Na Seomraí Ranga Cuimsitheacha	Cat. (5): Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
Cat. (6): Teagasc agus Foghlaim	Cat. (7): Ceannaireacht agus Bainistíocht	Cat. (8): Folláine/Cineáltas
Cat. (9): Oideachais Riachtanais Speisialta	Cat. (10): MFL	

Ionad	
An líon réamh-mheasta Rannpháirtithe sa Chúrsa	
An líon réamh-mheasta Grúpaí/Teagascóirí ar an gCúrsa (Féach na critéir shonracha maidir le cóimheasa teagascóirí)	

3. Pearsanra an Chúrsa

Comhlánaigh mionsonraí do gach pearsa ábhartha ar an gcúrsa seo. Cuir rónna breise leis, más gá.

Ról	**Ainm an Mhúinteora Chláraithe**	**Uimhir Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta**	**Taithí, Saineolas agus Cáilíochtaí (Leibhéal ar Chreat Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann)**
Teagascóir an Chúrsa			

4. Leaganacha Roimhe den Chúrsa seo

*Má rinneadh meastóireacht ar an gcúrsa ón mbliain 2018, cuir cóip den tuairisc is déanaí faoi iamh in éineacht leis an iarratas seo

Má soláthraíodh an cúrsa seo roimhe seo, tabhair mionsonraí faoi na blianta	
Cén uair a rinneadh an nuashonrú is déanaí ar ábhar an chúrsa?	

5. Dearbhú Cáilíochta

Sonraigh conas a dhéanfar faireachán ar obair an teagascóra/na dteagascóirí	
Liostaigh na príomhstraitéisí a úsáidfear chun rannpháirtíocht na rannpháirtithe a uasmhéadú	
Conas a dhéanfar meastóireacht ar thionchar an chúrsa seo?	

6. Breac-chuntas ar an gCúrsa agus an tionchar beartaithe. 100 focal ar a mhéad in aghaidh an rannáin.

Liostaigh aidhmeanna foriomlána an chúrsa	• • • •

Conas a chuirfidh rannpháirtíocht na múinteoirí sa chúrsa seo feabhas ar a gcleachtas aonair nó comhchoiteann i ndáil le scileanna teagaisc, foghlama agus measúnachta?	
Conas a chuirfidh rannpháirtíocht na múinteoirí sa chúrsa seo cineálacha cuimsitheacha/difreáilte cur chuige agus modhanna éifeachtacha teagaisc chun cinn?	
A. Cé na modhanna sonracha foghlama a úsáidfear B. Conas a thacófar le hathmhachnamh aonair/comhchoiteann ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnacht?	A. B.
Sonraigh conas a úsáidfear an próiseas féinmheastóireachta scoile chun cabhrú le múinteoirí athruithe a dhéanamh chun feabhas a chur ar thorthaí agus eispéiris foghlama na bhfoghlaimeoirí.	• • • •
Conas a chuireann an cúrsa seo úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha i scoileanna chun cinn?	• • •
Conas a léirítear sa chúrsa na prionsabail is bun do Cosán, an Chreatlach Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí, agus na caighdeáin atá leagtha amach ann?	•
Tabhair forbhreathnú ar na **príomhábhair**/**príomhacmhainní** léitheoireachta a chuirtear ar fáil do na rannpháirtithe nó tabhair an t-ainm atá orthu, ar ábhair/acmhainní iad atá cothrom le dáta agus ábhartha agus atá ar aon dul le beartais na Roinne Oideachais	• • • •

Conas a thabharfar aiseolas do na rannpháirtithe ar a dtascanna?	•
Déan cinnte de go bhfuil tú eolach ar an bhfoilseachán dar teideal Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta ón Roinn Oideachais agus go ndéantar tagairt shonrach sna torthaí luaite foghlama agus in eispéiris foghlama na rannpháirtithe araon do thacú le múinteoirí féinmheastóireacht scoile a úsáid.	

Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí Bunscoile 2024: Breac-chuntas ar an Amchlár agus ar na Modúil do Chúrsaí ar Líne

Teideal an Chúrsa:
Catagóir an Chúrsa:
Dátaí an Chúrsa:

Ní mór dáta tosaithe agus dáta críochnaithe an chúrsa a bheith sonraithe go soiléir. Féadfar cúrsaí a sholáthar ón 1 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2024.

- Ní mór an t-amchlár a bheith ar fáil chun dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar chúrsaí.
- Ní mór a shonrú san amchlár freisin cén uair a chuirfear féinmheastóireacht scoile ar áireamh sa chúrsa.
- Tabhair breac-chuntas ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí a chothú le linn foghlaim shioncrónach. Féach leathanach 30 chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi mhodheolaíochtaí atá ceaptha chun feabhas a chur ar eispéiris foghlama na rannpháirtithe i gcúrsaí ar líne.

	Torthaí Sonracha Foghlama do na rannpháirtithe	**Cur síos ar an ábhar**	**Modheolaíochtaí a úsáidtear chun rannpháirtíocht na rannpháirtithe a chothú**	**Tabhair breac-chuntas ar raon gníomhaíochtaí nó tascanna a dhéanann na rannpháirtithe chun na torthaí foghlama a bhaint amach. Gan aon cheisteanna ilroghnacha**
Modúl 1	• •			
Modúl 2	• • •			
Modúl 3	• • • •			
Modúl 4	• • •			
Modúl 5	• • •			

Aguisín a Ceathair

FOIRM IARRATAIS DO CHÚRSAÍ PÍOLÓTACHA SAMHRAIDH AR LÍNE DO MHÚINTEOIRÍ 2024 (Ina gcuirtear foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach san áireamh)

Sula gcomhlánófar an fhoirm seo, ba cheart breathnú go cúramach ar an Lámhleabhar Soláthraithe, ar na critéir le haghaidh Cúrsaí Samhraidh a cheadú, ar na tosaíochtaí náisiúnta agus ar an ngluais téarmaí.

Deimhním <u>gur léigh mé</u> na ceanglais agus na critéir riaracháin do sholáthraithe cúrsaí samhraidh agus <u>gur ghlac mé leo</u>:

Sínithe (Soláthraí an Chúrsa)_____

Toilím le rochtain a bheith ag Ionad Oideachais Dhroim Conrach ar na mionsonraí a sholáthair mé. Ní úsáidfimid do mhionsonraí chun aon chríche seachas chun d'iarratas a phróiseáil. Beidh rochtain ag an Roinn Oideachais ar na mionsonraí sin chun an próiseas ceadúcháin a sheoladh, chun faireachán a dhéanamh ar an gcúrsa agus chun críocha dearbhú cáilíochta.Ní chomhroinnfimid iad le haon pháirtithe eile.

Sínithe (Soláthraí an Chúrsa)_____

<u>Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána.</u>

7. **Mionsonraí Teagmhála an tSoláthraí:**

Soláthraí an Chúrsa:	
Stiúrthóir an Chúrsa:	
Seoladh:	
Fón:	
Facs:	

Ríomhphost:	
www:	
Teagmhálaí Malartach	
Fón:	
Ríomhphost:	

8. Mionsonraí Eagrúcháin an Chúrsa:

Teideal an Chúrsa (70 carachtar ar a mhéad)						
Dáta an Chúrsa						
Spriocphobal an Chúrsa	Múinteoirí Bunscoile		Múinteoirí Iar-bhunscoile		Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoile	
Cén leibhéal rang-ghrúpa/bliainghrúpa, nó cé na leibhéil rang-ghrúpa/bhliainghrúpa, ar a bhfuil ábhar an chúrsa samhraidh dírithe?						

Tosaíochtaí Náisiúnta (roghnaigh ceann AMHÁIN)	Cat. (1): Litearthacht (Béarla agus Gaeilge)	Cat. (2): STEM, lena n-áirítear Matamaitic
Cat. (3): Béarla mar Theanga Bhreise	Cat. (4): Na Seomraí Ranga Cuimsitheacha	Cat. (5): Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
Cat. (6): Teagasc agus Foghlaim	Cat. (7): Ceannaireacht agus Bainistíocht	Cat. (8): Folláine/Cineáltas
Cat. (9): Oideachais Riachtanais Speisialta	Cat (10) MFL	

Ionad	
An líon réamh-mheasta Rannpháirtithe sa Chúrsa	
An líon réamh-mheasta Grúpaí/Teagascóirí ar an gCúrsa (Féach na critéir shonracha maidir le cóimheasa teagascóirí)	

9. Pearsanra an Chúrsa

Comhlánaigh mionsonraí do gach pearsa ábhartha ar an gcúrsa seo. Cuir rónna breise leis, más gá.

Ról	**Ainm an Mhúinteora Chláraithe**	**Uimhir Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireach**	**Taithí, Saineolas agus Cáilíochtaí (Leibhéal ar Chreat Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann)**
Teagascóir an Chúrsa			

10. Leaganacha Roimhe den Chúrsa seo

*Má rinneadh meastóireacht ar an gcúrsa ón mbliain 2018, cuir cóip den tuairisc is déanaí faoi iamh in éineacht leis an iarratas seo

Má soláthraíodh an cúrsa seo roimhe seo, tabhair mionsonraí faoi na blianta	
Cén uair a rinneadh an nuashonrú is déanaí ar ábhar an chúrsa?	

11. Dearbhú Cáilíochta

Sonraigh conas a dhéanfar faireachán ar obair an teagascóra/na dteagascóirí	
Liostaigh na príomhstraitéisí a úsáidfear chun rannpháirtíocht na rannpháirtithe a uasmhéadú	
Conas a dhéanfar meastóireacht ar thionchar an chúrsa seo?	

12. Cothromaíocht idir foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach – cinneadh atá faoi stiúir ag soláthraí

Sonraigh cá mhéad ama a chaithfidh rannpháirtithe ag foghlaim i dtimpeallacht foghlama sioncrónaí (fíor-am aghaidh ar aghaidh)	

Sonraigh cá mhéad ama a chaithfidh rannpháirtithe ag foghlaim i dtimpeallacht foghlama aisioncrónaí	

13. Breac-chuntas ar an gCúrsa agus an tionchar beartaithe. 100 focal ar a mhéad in aghaidh an rannáin.

Liostaigh aidhmeanna foriomlána an chúrsa	• • • •
Conas a chuirfidh rannpháirtíocht na múinteoirí sa chúrsa seo feabhas ar a gcleachtas aonair nó comhchoiteann i ndáil le scileanna teagaisc, foghlama agus measúnachta?	Tabhair breac-chuntas i gcás foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach araon
Conas a chuirfidh rannpháirtíocht na múinteoirí sa chúrsa seo cineálacha cuimsitheacha/difreáilte cur chuige agus modhanna éifeachtacha teagaisc chun cinn?	Tabhair breac-chuntas i gcás foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach araon
A. Cé na modhanna sonracha foghlama a úsáidfear B. Conas a thacófar le hathmhachnamh aonair/comhchoiteann ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnacht?	Tabhair breac-chuntas i gcás foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach araon
Sonraigh conas a úsáidfear an próiseas féinmheastóireachta scoile chun cabhrú le múinteoirí athruithe a dhéanamh chun feabhas a chur ar thorthaí agus eispéiris foghlama na bhfoghlaimeoirí.	• • • •
Conas a chuireann an cúrsa seo úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha i scoileanna chun cinn?	• • •

Conas a léirítear sa chúrsa na prionsabail is bun do Cosán, an Chreatlach Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí, agus na caighdeáin atá leagtha amach ann?	•
Tabhair forbhreathnú ar na **príomhábhair**/**príomhacmhainní** léitheoireachta a chuirtear ar fáil do na rannpháirtithe nó tabhair an t-ainm atá orthu, ar ábhair/acmhainní iad atá cothrom le dáta agus ábhartha agus atá ar aon dul le beartais na Roinne Oideachais	• • • •
Conas a thabharfar aiseolas do na rannpháirtithe ar a dtascanna?	•
Déan cinnte de go bhfuil tú eolach ar an bhfoilseachán dar teideal Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta ón Roinn Oideachais agus go ndéantar tagairt shonrach sna torthaí luaite foghlama agus in eispéiris foghlama na rannpháirtithe araon do thacú le múinteoirí féinmheastóireacht scoile a úsáid.	

Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí Bunscoile 2024: Breac-chuntas ar an Amchlár agus ar na Modúil do Chúrsaí Píolótacha ar Líne (ina gcuirtear foghlaim shioncrónach agus foghlaim aisioncrónach san áireamh)

Teideal an Chúrsa:
Catagóir an Chúrsa:
Dátaí an Chúrsa:

Ní mór dáta tosaithe agus dáta críochnaithe an chúrsa a bheith sonraithe go soiléir. Féadfar cúrsaí a sholáthar thar thréimhse dhá sheachtain.

- Ní mór an t-amchlár a bheith ar fáil chun dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar chúrsaí.
- Ní mór a shonrú san amchlár freisin cén uair a chuirfear féinmheastóireacht scoile ar áireamh sa chúrsa.
- Tabhair breac-chuntas ar an amchlár ar cén uair a bheidh foghlaim shioncrónach ar siúl
- Tabhair breac-chuntas ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí a chothú le linn foghlaim shioncrónach. Féach leathanach 30 chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi mhodheolaíochtaí atá ceaptha chun feabhas a chur ar eispéiris foghlama na rannpháirtithe i gcúrsaí ar líne.

	Torthaí Sonracha Foghlama do na rannpháirtithe	**Cur síos ar an ábhar**	**Modheolaíochtaí a úsáidtear chun rannpháirtíocht na rannpháirtithe a chothú**	**Tabhair breac-chuntas ar raon gníomhaíochtaí nó tascanna a dhéanann na rannpháirtithe chun na torthaí foghlama a bhaint amach. Gan aon cheisteanna ilroghnacha**
Modúl 1	• •			
Modúl 2	• • •			
Modúl 3	• • • •			
Modúl 4	• • •			
Modúl 5	• • •			